
CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH



# Bileog faisnéise

## Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol

# Réamhrá

Agus é den tuairim gurb é an beartas comhshaoil is fearr cruthú truaillithe nó núiseanna a sheachaint ón tús seachas a n-éifeachtaí a chomhrac níos déanaí, tá córas cosanta coiscthí comhshaoil tarraingthe suas ag reachtas an Aontais, arb é a chloch choirnéil an oibleagáid atá ar na Ballstáit measúnuithe ar an tionchar ar an gcomhshaol a dhéanamh sula ndéanfaidh siad cinntí áirithe a bhféadfadh tionchar diúltach a bheith acu ar an gcomhshaol.

Mar chéad chéim, ghlac an Chomhairle Treoir 85/337 maidir le measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí tionscadal poiblí agus príobháideach áirithe ar an gcomhshaol[1], arna aisghairm, códú agus hionadú le Treoir 2011/92 maidir le measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí tionscadal poiblí agus príobháideach áirithe ar an gcomhshaol[2]. I gcomhréir leis na Treoracha sin, ní mór na tionscadail dá dtagraítear in Iarscríbhinní I agus II, a bhfuil baol ann go mbeadh tionchar suntasach acu ar an gcomhshaol, a bheith faoi réir measúnaithe ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar an gComhshaol. I ndáil leis sin, liostaítear in Iarscríbhinn I na tionscadail a bhfuil baol ann, de réir a gcineáil, go mbeidh éifeachtaí suntasacha acu ar an gcomhshaol agus nach mór, i bprionsabal, go gcuirfí iad faoi réir measúnú ar a dtionchair ar an gcomhshaol. Ar an taobh eile, sonraítear in Iarscríbhinn II tionscadail a bhfuil baol ann go mbeidh tionchair shuntasacha acu ar an gcomhshaol, ar tionscadail iad nach gcuirtear faoi réir measúnú ach amháin i gcás ina measann na Ballstáit, i gcomhréir le ceanglais na dtreoracha sin, go n-éilítear amhlaidh lena saintréithe.

Ar an dara dul síos, ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle Treoir 2001/42 maidir le measúnú a dhéanamh ar na tionchair a bhíonn ag pleananna agus ag cláir áirithe ar an gcomhshaol [3], lena bhforáiltear nach mór na pleananna agus na cláir a liostaítear sa Treoir sin a chur faoi réir measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol má tá baol ann go mbeidh tionchair shuntasacha acu ar an gcomhshaol. Ós rud é go n-áirítear sna pleananna agus sna cláir dá dtagraítear i dTreoir 2001/42 na pleananna agus lena n-áirítear na cláir sin lena leagtar síos, in earnálacha áirithe, an creat chun tionscadail a údarú maidir le Treoracha 85/337 agus 2011/92, tugadh isteach le Treoir 2001/42, dá bhrí sin, sásra le haghaidh measúnuithe réamhtheachtacha ar an gcomhshaol a bunaíodh le Treoracha 85/337 agus 2011/92 sna réimsí lena mbaineann.

Maidir leis an bplean modheolaíochta, déantar idirdhealú i dTreoir 2001/42, cosúil leis an gcur chuige a leantar i dTreoracha 85/337 agus 2011/92, idir, ar thaobh amháin,

---

[1] Treoir 85/337/CEE ón gComhairle an 27 Meitheamh 1985 maidir le measúnú a dhéanamh ar na héifeachtaí atá ag tionscadail phoiblí agus phríobháideacha áirithe i ndáil leis an gcomhshaol (IO L 1985, lch. 40).

[2] Treoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí tionscadal poiblí agus príobháideach áirithe ar an gcomhshaol (IO L 2012, lch. 1).

[3] Treoir 2001/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2001, maidir le measúnú a dhéanamh ar na héifeachtaí a bhíonn ag pleananna agus ag cláir áirithe ar an gcomhshaol (IO 2001, L 197, lch. 30).

pleananna agus cláir a chuirtear, i bprionsabal, faoi réir measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol i gcónaí agus, ar an taobh eile, pleananna agus cláir nach gcuirtear faoi réir measúnú den sórt sin ach amháin i gcás ina gcinnfidh na Ballstáit gur dócha go bhfuil baol ann go mbeidh tionchair shuntasacha acu ar an gcomhshaol.

Bhí an trí Threoir thuasluaite ina n-ábhar do chorpas tábhachtach de chásdlí, a bhfuil cur i láthair déanta sa bhileog eolais seo maidir leis na príomhlínte forbartha a n-eascraíonn astu.

# Clár


Réamhrá ... 3

I. Measúnú ar thionchair tionscadal poiblí agus príobháideach áirithe faoi Threoracha 85/337 agus 2011/92 ... 7

1. Raon feidhme Threoracha 85/337 agus 2011/92 ... 7
   a) An coincheap 'tionscadal' ... 7
   b) Na tionscadail a eisatar ó chur i bhfeidhm Threoracha 85/337 agus 2011/92 ... 9
2. Oibleagáid measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí i gcás ina bhfuil baol ann go mbeadh tionchair suntasacha acu ar an gcomhshaol ... 10
   a) Tionscadail a bhfuil baol ann go mbeadh tionchair suntassaca acu ar an gcomhshaol (Iarscríbhinn I) ... 10
   b) Tionscadail a bhfuil baol ann go mbeadh tionchair suntasacha acu ar an gcomhshaol (Iarscríbhinn II) ... 11
      i. An gá maidir le measúnú a dhéanamh ar an tionchar ar an gcomhshaol a chinneadh ... 11
      ii. An réasúnaíocht is bonn leis an gcinneadh gan tionscadal a chur faoi réir measúnaithe ... 13
   c) Díolúintí ón oibleagáid measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí ... 15
3. Raon feidhme an mheasúnaithe ar an tionchar ... 16
4. Nósanna imeachta údaraithe fadtréimhseach ... 19
   a) Cathain ar cheart measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol a dhéanamh ... 19
   b) Na coinníollacha nós imeachta faoina ndéantar an measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol a chinneadh ... 20
5. Rannpháirtíocht an phobail sa próiseas cinnteoireachta agus rochtain ar cheartas ... 22
   a) Rannpháirtíocht an phobail sa phróiseas cinnteoireachta ... 22
      i. Socruithe mionsonraithe chun an pobal a chur ar an eolas ... 22
      ii. Rannpháirtíocht phoiblí i bpróiseas cinnteoireachta fhadtréimhseach ... 24
   b) Rochtain ar an gceartas ... 25
      i. Oibleagáidí na mBallstát ... 25

ii. Inghlacthacht caingne arna dtionscnamh ag daoine aonair ..... 27
iii. Inghlacthacht caingne arna dtionscnamh ag comhlachais um chosaint an chomhshaoil ..... 29
iv. Ceanglas na gcostas neamh-thoirmeascach ..... 32
a. Raon feidhme ..... 32
b. Tagarmharcanna ..... 34
6. Éifeacht dhíreach agus léiriú comhsheasmhach ..... 35
a) Éifeacht dhíreach cothrománach treoracha agus iarmhairtí diúltacha do chearta tríú páirtí ..... 35
b) An prionsabal nach mór léiriú a dhéanamh i gcomhréir leis an dlí náisiúnta 36
II. MEASÚNÚ AR AN TIONCHAR A BHÍONN AG PLEANANNA AGUS CLÁIR FAOI THREOIR 2001/42 ..... 39
1. Raon feidhme Threoir 2001/42 ..... 39
a) Pleananna agus cláir faoi Threoir 2001/42 ..... 39
b) Pleananna agus cláir a aisghairm ..... 42
2. Oibleagáid measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí i gcás tionchair suntasacha don chomhshaol ..... 43
a) Pleananna agus cláir a bhfuil baol ann go mbeidh tionchair suntasacha acu ar an gcomhshaol ..... 43
i. Pleananna agus cláir a bhaineann le hAirteagal 3(2)(a) de Threoir 2001/42 ..... 43
ii. Pleananna agus cláir faoi Airteagal 3(2)(b) de Threoir 2001/42 ..... 46
b) Pleananna agus cláir a bhfuil baol ann go mbeidh tionchair suntasacha acu ar an gcomhshaol ..... 47
i. Pleananna agus cláir faoi Airteagal 3(3) de Threoir 2001/42 ..... 47
ii. Pleananna agus cláir faoi Airteagal 3(4) de Threoir 2001/42 ..... 51
3. Comhairliúcháin ..... 51
III. ÉIFEACHTAÍ GNÍOMHARTHA NÁISIÚNTA ARNA NGLACADH DE SHÁRÚ AR AN OIBLEAGÁID MEASÚNÚ AR AN TIONCHAR AR AN GCOMHSHAOL A DHÉANAMH A CHOINNEÁIL AR BUN GO SEALADACH ..... 54
1. ‘Gníomhartha náisiúnta arna nglacadh de shárú ar Threoir 2011/92 ..... 54
2. Gníomhartha náisiúnta arna nglacadh de shárú ar Threoir2001/42 ..... 55
IV. CUR I BHFEIDHM CARNACH TREORACHA LENA GCEANGLAÍTEAR MEASÚNÚ AR AN TIONCHAR AR AN GCOMHSHAOL ..... 59

# I. Measúnú ar thionchair tionscadal poiblí agus príobháideach áirithe faoi Threoracha 85/337 agus 2011/92

## 1. Raon feidhme Threoracha 85/337 agus 2011/92

### a) An coincheap 'tionscadal'

***Breithiúnas an 29 Iúil 2019 (Mór-Dhlísheomra), Inter-Environnemen Wallonie agus Bond Beter Leefmilieu Vlaanderen (C-411/17, EU:C:2019:622)*** [4]

*(Tarchur chun réamhrialú – Comhshaol –Coinbhinsiún Espoo – Coinbhinsiún Aarhus – Gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flora fiáine a chaomhnú – Treoir 92/43/CEE – Airteagal 6(3) – An coincheap 'tionscadal' – Measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol ar an suíomh lena mbaineann – Airteagal 6(4) – An coincheap 'cúiseanna sáraitheacha a bhaineann leis an leas poiblí' – Éin fhiáine a chaomhnú – Treoir 2009/147/CE – Measúnú ar thionchair tionscadal poiblí agus príobháideach áirithe ar an gcomhshaol – Treoir 2011/92/AE – Airteagal 1(2)(a) – An coincheap 'tionscadal' – Airteagal 2(1) – Airteagal 4(1) – Airteagal 2(4) – Díolúine ó mheasúnú – Deireadh a chur de réir a chéile le fuinneamh núicléach – Measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol – Reachtaíocht náisiúnta lena bhforáiltear, de pháirt amháin, táirgeadh tionsclaíoch leictreachais a atosú, ar feadh tréimhse beagnach 10 mbliana, ag stáisiún cumhachta núicléiche a dúnadh agus a bhfuil mar thoradh air sin an dáta a leag an reachtas náisiúnta síos ar dtús a chur siar 10 mbliana chun é a dhíghníomhachtú agus chun deireadh a chur lena ghníomhaíocht agus, de pháirt eile, an téarma a bhí beartaithe ar dtús ag an reachtas céanna a chur siar 10 mbliana chomh maith chun é a dhíghníomhachtú agus chun deireadh a chur le táirgeadh tionsclaíoch leictreachais stáisiúin cumhachta núicléiche – Easpa measúnaithe ar an tionchar ar an gcomhshaol)*

Lena breithiúnas sa chás Inter-Environnement Wallonie agus Bond Beter Leefmilieu Vlaanderen, arna thabhairt an 29 Iúil 2019, thug an Chúirt, agus í ina suí mar Mhór-Dhlísheomra, léiriú ar an gcoincheap 'tionscadal' de réir bhrí Threoracha 2011/92 agus 92/43 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flora fiáine a chaomhnú [5].

Tugadh an breithiúnas sin i ndáil le himeachtaí idir, ar thaobh amháin, dhá chomhlachas, Inter-Environnement Wallonie ASBL agus Bond Beter Leefmilieu Vlaanderen ASBL, arb é is cuspóir dóibh an comhshaol agus dálaí maireachtála a chosaint, agus Comhairle na nAirí (an Bheilg) maidir le reachtaíocht faoina ndearna Ríocht na Beilge foráil do (i) táirgeadh tionsclaíoch leictreachais a atosú, ar feadh tréimhse beagnach 10 mbliana, ag stáisiún cumhachta núicléiche a dúnadh síos roimhe sin, agus (ii) iarchur 10 mbliana den dáta a socraíodh ar dtús chun táirgeadh tionsclaíoch

---

4 Déantar an breithiúnas sin a chur i láthair chomh maith faoi cheannteidil I.2 (a) 'Tionscadail lena mbaineann riosca go mbeidh tionchair suntasacha acu ar an gcomhshaol' (Iarscríbhinn I) I.2. (c) 'Díolúintí ón oibleagáid measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol a dhéanamh' agus III. 1. 'Gníomhartha náisiúnta arna nglacadh de shárú ar Threoir 2011/92'.

5 Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flora fiáine a chaomhnú (IO 1992, L 206, lch. 7), arna leasú le Treoir 2013/17/AE ón gComhairle an 13 Bealtaine 2013 (IO 2013, L 158, lch. 193).

leictreachais ag stáisiún cumhachta núicléiche gníomhach a dhíghníomhachtú agus a scor. Mhaígh na comhlachais sin gur ghlac údaráis na Beilge an dlí sin cé nár comhlíonadh na ceanglais maidir le measúnú tosaigh a forchuireadh leis na Treoracha sin.

Sa chomhthéacs sin, chinn an Chúirt gur "tionscadal" de réir bhrí Threoracha 2011/92 agus 92/43 iad na bearta atá i gceist maidir le táirgeadh tionsclaíoch leictreachais ó stáisiún cumhachta núicléiche a leathnú, ós rud é gur gá go mbeadh obair fhairsing i gceist leo lena n-athraítear réaltacht fhisiceach na suíomhanna lena mbaineann. Ní mór don tionscadal sin, i bprionsabal, a bheith faoi réir measúnaithe ar an tionchar ar an gcomhshaol agus ar na láithreacha cosanta lena mbaineann, sula nglacfar na bearta sin. Níl sé cinntitheach ina leith sin go bhfuil gníomhartha ina dhiaidh sin ag teastáil le cur chun feidhme na mbeart sin, amhail toiliú sonrach nua a eisiúint do cheann de na stáisiúin chumhachta atá i gceist chun leictreachas a tháirgeadh chun críoch tionsclaíoch. Ní mór obair a bhfuil dlúthbhaint aici leis na bearta sin a chur faoi réir measúnaithe den sórt sin freisin sula nglacfar na bearta más leordhóthanach é cineál agus tionchair féideartha na hoibre sin ar an gcomhshaol agus ar na suíomhanna faoi chosaint inaitheanta ag an gcéim sin.

***Breithiúnas an 24 Deireadh Fómhair 1996 (an Chúirt Iomlán),Kraaijeveld agus páirtithe eile (C-72/95, EU:C:1996:404*** [6]

*(Comhshaol – Treoir 85/337/CEE - Measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí tionscadal poiblí agus príobháideach áirithe ar an gcomhshaol)*

Sa chás Kraaijeveld, thug an Chúirt dá haire, i suí iomlánach, gur mhol reachtóir an Aontais coincheap leathan de raon feidhme Threoir 85/337 a chur san áireamh.

Tugadh caingean ós comhair Nederlandse Raad van State (an Chomhairle Stáit, an Ísiltír) chun cinneadh lena bhformheastar plean úsáide talún 'athbhreithniú páirteach a dhéanamh ar na pleananna úsáide talún i ndáil le cladáin a neartú' a chur ar neamhní. Bhí sé de chuspóir ag an gcumhdach talún sin oibreacha a cheadú a bhí ceaptha chun na cladáin ar taobh abhainn Merwede i gcríoch bardas Ollannach a threisiú. Ní dhearnadh aon mheasúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol i leith na n-oibreacha sin.

Sa chomhthéacs sin, chinn an chúirt a rinne an tarchur an cheist a tharchur chun réamhrialú i dtaobh an dtagann oibreacha ar chladáin ar feadh na n-uiscebhealaí intíre faoin gcoincheap "oibreacha canálaithe agus oibreacha um fhaoiseamh tuile" faoi phointe 10(e) d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 85/337. I gcomhréir le hAirteagal 4(2) den Treoir sin, beidh tionscadail na n-aicmí a liostaítear in Iarscríbhinn II faoi réir measúnaithe i gcás ina measann na Ballstáit go n-éilítear amhlaidh lena saintréithe.

[6] Déantar an breithiúnas sin a chur i láthair faoi cheannteideal 2. B) i. "An gá atá le measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol a chinneadh".

I ndáil leis sin, tugann an Chúirt dá haire, cé nach léir aon fhreagra soiléir ar an gceist a tarchuireadh ón scrúdú ar na leaganacha teanga éagsúla d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 85/337, go bhféadfaí a thuiscint ó théacs na Treorach sin go bhfuil a raon feidhme leathan agus a cuspóir an-leathan. Dá bhrí sin, fiú mura bhfuil an soiléiriú sin soiléir ó na leaganacha teanga go léir, ní mór pointe 10(e) d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir a léiriú sa chaoi go n-áirítear leis oibreacha ar chladáin, go háirithe ós rud é go bhféadfadh tionchar suntasach a bheith ag oibreacha den sórt sin ar an gcomhshaol de réir bhrí na Treorach.

Ar an gcaoi chéanna, cé nach luaitear go sainráite sa Treoir go mbaineann athruithe ar thionscadail le hIarscríbhinn II, níor cheart a thuiscint as sin gur cheart iad a chur san áireamh faoi raon feidhme Threoir 85/337. Bhainfí an bonn de chuspóir an-leathan na Treorach dá gceadófaí le haicmiú mar "athrú ar thionscadal"' saothair nó oibreacha áirithe a dhíolmhú ón oibleagáid measúnú a dhéanamh ar an tionchar, ach, de bharr a gcineáil, a méide nó a suímh, a bhfuil baol ann go mbeidh tionchair suntasacha ag na saothair nó na hoibreacha sin ar an gcomhshaol.

Dá bhrí sin, ní mór an nath "oibreacha canálaithe agus oibreacha um fhaoiseamh tuile", atá le feiceáil i bpointe 10(e) d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 85/337, a léiriú sa chaoi go n-áirítear leis ní hamháin cladán nua a thógáil, ach modhnú a dhéanamh ar chladán atá ann cheana trí ghluaiseacht, neartú nó leathnú, cladán nua a chur in ionad cladáin san áit chéanna chomh maith, bíodh sé níos láidre nó níos leithne ná an cladán a bhí ann, nó meascán de roinnt de na toimhdí sin.

## b) Na tionscadail a eisatar ó chur i bhfeidhm Threoracha 85/337 agus 2011/92

***Breithiúnas an 16 Meán Fómhair 1999, WWF agus páirtithe eile (C-435/97,*** **EU:C:1999:418)**

*(Comhshaol – Treoir 85/337/CEE – Measúnú ar thionchair tionscadal poiblí agus príobháideach áirithe ar an gcomhshaol)*

Mar fhreagra ar tharchur chun réamhrialú ón Verwaltungsgericht, "Sektion für die Provinz Bozen" (Cúirt Riaracháin, Rannóg Fhéinrialaitheach Chúige Bolzano, an Iodáil), soiléiríonn an Chúirt raon feidhme na heisceachta dá bhforáiltear in Airteagal 1(4) de Threoir 85/337, lena n-eisiatar ó raon feidhme na treorach tionscadail atá beartaithe chun críocha cosanta náisiúnta.

Sna príomhimeachtaí, tugadh caingean le haghaidh neamhniú ós comhair na cúirte a rinne an tarchur i gcoinne údarú riaracháin maidir le plean chun aerfort Bolzano-St Jakob a athstruchtúrú. Bhí sé de chuspóir ag an tionscadal seo an t-aerfort, a úsáideadh ó 1925/1926 chun críoch míleata, le haghaidh eitlíocht spóirt, agus a úsáideadh ar feadh tréimhse ama áirithe agus ar bhealach teoranta, chun críocha sibhialta, a athrú go

haerfort atá inúsáidte ar bhonn tráchtála chun eitiltí sceidealta, cairteitiltí agus eitiltí lastais a oibriú.

Mar thaca lena gcaingean le haghaidh neamhniú, mhaígh na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí go raibh baol ann go mbeadh tionchar suntasach ag an dtionscadal athchóirithe ar an gcomhshaol agus gur ghá go mbeadh sé faoi réir measúnaithe ar an tionchar ar an gcomhshaol de réir bhrí Threoir 85/337.

Sa chomhthéacs sin, chuir an chúirt a rinne an tarchur, go háirithe, an cheist an gá Airteagal 1(4) de Threoir 85/337 a léiriú sa chaoi go dtagann aerfort a d'fhéadfadh freastal ar chríocha sibhialta agus míleata araon, ach ar de chineál tráchtála a phríomhúsáid, faoi raon feidhme na Treorach sin.

I ndáil leis sin, tugann an Chúirt dá haire go dtugtar isteach le hAirteagal 1(4) de Threoir 85/337 eisceacht ón riail ghinearálta maidir le réamh-mheasúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol i gcás tionscadail atá beartaithe chun críocha cosanta náisiúnta. Ní mór léiriú sriantach a dhéanamh ar an eisiamh sin, lena dtugtar isteach eisceacht ar an riail ghinearálta. Dá bharr sin, ní féidir ach tionscadail atá beartaithe go príomha chun críoch cosanta náisiúnta a eisiamh ón oibleagáid chun measúnú a dhéanamh.

Dá bhrí sin, chin an Chúirt go dtagann tionscadail amhail an tionscadal atá i gceist sna príomhimeachtaí, arb é is príomhchuspóir dóibh aerfort a athstruchtúrú ionas go mbeidh sé inúsáidte ó thaobh na tráchtála de, cé gur féidir an t-aerfort sin a úsáid chun críoch míleata freisin, faoi raon feidhme na Treorach.

## 2. Oibleagáid measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí i gcás ina bhfuil baol ann go mbeadh tionchair suntasacha acu ar an gcomhshaol

### a) Tionscadail a bhfuil baol ann go mbeadh tionchair suntassaca acu ar an gcomhshaol (Iarscríbhinn I)

***Breithiúnas an 29 Iúil 2019 (an Mór-Dhlísheomra), Inter-Environnement Wallonie agus Bond Beter Leefmilieu Vlaanderen (C-411/17,* EU:C:2019:622)**

*(Tarchur chun réamhrialú – Comhshaol –Coinbhinsiún Espoo – Coinbhinsiún Aarhus – Gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flora fiáine a chaomhnú – Treoir 92/43/CEE – Airteagal 6(3) – An coincheap "tionscadal"' – Measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol ar an suíomh lena mbaineann – Airteagal 6(4) – An coincheap "cúiseanna sáraitheacha a bhaineann leis an leas poiblí" – Éin fhiáine a chaomhnú – Treoir 2009/147/CE – Measúnú ar thionchair tionscadal poiblí agus príobháideach áirithe ar an gcomhshaol – Treoir 2011/92/AE – Airteagal 1(2)(a) – An coincheap "tionscadal" – Airteagal 2(1) – Airteagal 4(1) – Measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol – Airteagal 2(4) – Díolúine ó mheasúnú – Deireadh a chur de réir a chéile le fuinneamh núicléach – Reachtaíocht náisiúnta lena bhforáiltear, de pháirt amháin, táirgeadh tionsclaíoch leictreachais a atosú, ar feadh tréimhse beagnach 10 mbliana, ag stáisiún cumhachta*

*núicléiche a dúnadh agus a bhfuil mar thoradh air sin an dáta a leag an reachtas náisiúnta síos ar dtús a chur siar 10 mbliana chun é a dhíghníomhachtú agus chun deireadh a chur lena ghníomhaíocht agus, de pháirt eile, an téarma a bhí beartaithe ar dtús ag an reachtas céanna a chur siar 10 mbliana chomh maith chun é a dhíghníomhachtú agus chun deireadh a chur le táirgeadh tionsclaíoch leictreachais stáisiúin cumhachta núicléiche – Easpa measúnaithe ar an tionchar ar an gcomhshaol)*

Sa bhreithiúnas sin, a bhfuil a chomhthéacs fíorasach leagtha amach thuas[7], tugann an Chúirt dá haire nach mór go mbeadh na tionscadail, de réir bhrí Airteagal 1(2)(a) de Threoir 2011/92, faoi réir measúnaithe ar a tionchar ar an gcomhshaol, i bhfianaise Airteagal 2(1) den Treoir sin, mar gheall go bhfuil baol ann go mbeadh tionchar suntasach acu ar an gcomhshaol, go háirithe de bharr a gcineáil, a méide nó a suímh

Mar sin féin, ní cheanglaítear le hAirteagal 2(1) de Threoir 2011/92 go mbeidh gach tionscadal ar dócha go mbeidh tionchar suntasach aige ar an gcomhshaol faoi réir an nós imeachta measúnaithe a leagtar síos sa Treoir sin, ach nach mbeidh ach na tionscadail dá dtagraítear in Airteagal 4 den Treoir sin, lena ndéantar tagairt do thionscadail a liostaítear in Iarscríbhinní I agus II a ghabhann léi, faoi réir an nós imeachta measúnaithe a leagtar síos sa Treoir sin.

I ndáil leis sin, is léir ó léamh comhcheangailte ar Airteagal 2(1) agus Airteagal 4(1) de Threoir 2011/92 go bhfuil baol ann go mbeidh éifeachtaí suntasacha ar an gcomhshaol ag tionscadail a thagann faoi Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin, de bharr a gcineáil féin, agus nach mór dóibh a bheith faoi réir measúnaithe ar a dtionchair ar an gcomhshaol.

## b) Tionscadail a bhfuil baol ann go mbeadh tionchair suntasacha acu ar an gcomhshaol (Iarscríbhinn II)

### i. An gá maidir le measúnú a dhéanamh ar an tionchar ar an gcomhshaol a chinneadh

***Breithiúnas an 24 Deireadh Fómhair 1996 (an Chúirt Iomlán), Kraaijeveld agus páirtithe eile (C-72/95, EU:C:1996:404)***

*(Comhshaol – Treoir 85/337/CEE – Measúnú ar thionchair tionscadal poiblí agus príobháideach áirithe ar an gcomhshaol)*

[7] Maidir le comhthéacs fíorasach agus dlíthiúil na n-imeachtaí, féach fo-cheannteideal I. 1 a) 'An coincheap "tionscadal"'. Déantar an breithiúnas sin a chur i láthair faoi cheannteideal I. 2. C) "Díolúine ón oibleagáid chun measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol" agus III. 1 'Gníomhartha náisiúnta arna nglacadh de shárú ar Threoir 2011/92'.

Sa bhreithiúnas sin, a bhfuil a chomhthéacs fíorasach leagtha amach thuas [8], iarrtar ar an gCúirt léiriú a dhéanamh ar Airteagal 4(2) de Threoir 85/337. De bhun na forála sin, cuirtear tionscadail na n-aicmí a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir faoi réir measúnaithe i gcás ina measann na Ballstáit go n-éilíonn a saintréithe amhlaidh.

Maidir leis an bpointe sin, soiléiríonn an Chúirt, cé go gceadaítear leis an dara fomhír d'Airteagal 4(2) de Threoir 85/337 do na Ballstáit cineálacha áirithe tionscadal a shonrú agus a chur faoi réir measúnaithe agus na critéir agus/nó tairseacha a bhunú a bheidh le húsáid chun cinneadh a dhéanamh maidir le cé na tionscadail is gá measúnú a dhéanamh orthu, tá an lánrogha sin teoranta ag an oibleagáid, a leagtar síos in Airteagal 2(1) den Treoir, tionscadail a bhfuil baol ann go mbeidh tionchair suntasacha acu ar an gcomhshaol de bharr, inter alia, a gcineáil, a méide nó a suímh a chur faoi réir measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol.

Dá bhrí sin, maidir le Ballstát a leagann síos na crieir agus/nó na tairseacha chun na tionscadail nach mór measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol a dhéanamh orthu a chinneadh ar leibhéal a dhéanfadh, i gcleachtas, na tionscadail uile a liostaítear in Iarscríbhinn II a dhíolmhú roimh ré ón oibleagáid measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol a dhéanamh, sháródh sí a lánrogha faoi Airteagal 2(1) agus Airteagal 4(2) den Treoir, ach amháin dá bhféadfaí a mheas, ar bhonn measúnú foriomlán, nach bhfuil baol ann go mbeadh tionchair suntasacha ag na tionscadail eisiata uile ar an gcomhshaol.

***Breithiúnas an 21 Márta 2013, Salzburger Flughafen (C-244/12,*** [EU:C:2013:203)](EU:C:2013:203)

*(Measúnú ar na tionchair a bhíonn ag pleananna agus cláir áirithe ar an gcomhshaol – Treoir 85/337/CEE – Airteagail 2(1), (4) agus (2) – Tionscadail a bhaineann le hIarscríbhinn II – Oibreacha síneadh ar bhonneagar aerfoirt – Scrúdú ar bhonn tairseach nó critéar – Airteagal 4(3) – Critéir roghnúcháin – Iarscríbhinn III(2)(g) – Limistéir a bhfuil dlús agus daonra iontu)*

Deimhnítear agus forbraítear na conclúidí a baineadh as an mbreithiúnas Kraaijeveld agus páirtithe eile [9] maidir le léiriú a dhéanamh ar Airteagal 4(2) de Threoir 85/337 sa bhreithiúnas Salzburger Flughafen, a bhaineann leis an gceist an gá tionscadal amhail an tionscadal lena leathnaítear bonneagar aerfort Salzburg (an Ostair) atá i gceist sa chás sin a chur faoi réir measúnaithe ar an tionchar ar an gcomhshaol de réir bhrí Threoir 85/337 [10].

I ndáil leis sin, foráladh le reachtaíocht na hOstaire lena ndéantar Treoir 85/337 a thrasuí, sa bhreis ar leasuithe áirithe a bhaineann le rúidbhealaí éirí de thalamh nó tuirlingthe, nár ghá ach athruithe ar aerfoirt ar dócha go méadóidh siad líon na

[8] Maidir le comhthéacs fíorasach agus dlíthiúil na n-imeachtaí, féach fo-cheannteideal II. 1. a) An coincheap "tionscadal".
[9] Breithiúnas an 24 Deireadh Fómhair 1996, Kraaijeveld agus páirtithe eile (C-72/95, EU:C:1996:404).
[10] Arna leasú le Treoir 97/11/CE ón gComhairle an 3 Márta 1997 (IO 1997, L 73, lch. 5).

ngluaiseachtaí aeir 20 000 in aghaidh na bliana ar a laghad a bheith faoi réir measúnaithe ar an tionchar ar an gcomhshaol.

Ag éisteacht le hachomharc arna thabhairt ag oibreoir aerfort Salzburg i gcoinne chinneadh ón údaras riaracháin inniúil ar dá réir gur ghá measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol a dhéanamh mar gheall ar an síneadh beartaithe ar bhonneagar an aerfoirt a ndearna an t-oibreoir seo iarratas ina leith, chinn Verwaltungsgerichtshof (an Chúirt Uachtarach Riaracháin, an Ostair) an t-ábhar a chur faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais chun freagra a fháil ar an gceist an gcuirtear cosc le Treoir 85/337 ar reachtaíocht cur chun feidhme na hOstaire dá dtagraítear thuas.

Ag tabhairt freagra dearfach ar an gceist sin, meabhraíonn an Chúirt, cé go dtugtar corrlach lánroghnach do na Ballstáit le hAirteagal 4(2)(b) de Threoir 85/337 maidir le tairseacha nó critéir a shocrú chun cinneadh a dhéanamh an gá tionscadal amhail an tionscadal atá i gceist a dhéanamh, a bhaineann leis na haicmí a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir, a chur faoi réir measúnaithe ar an tionchar ar an gcomhshaol, gur sháraigh an Ostair an lánrogha sin ós rud e go raibh sé mar thoradh ar an tairseach de 20 000 aerghluaiseacht in aghaidh na bliana ar a laghad nach bhféadfadh athruithe ar bhonneagar aerfort beag agus meánmhéide a bheith ina gcúis, I gcleachtas, le measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol, cé nach féidir a chur as an áireamh go bhféadfadh tionchair suntasacha a bheith ag oibreacha den sórt sin ar an gcomhshaol.

Ina theannta sin, trí thairseach den sórt sin a leagan síos chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an ngá atá ann le measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol a dhéanamh maidir le tionscadail amhail na tionscadail atá i gceist sna príomhimeachtaí, ní dhéantar le reachtaíocht trasuite na hOstaire, d’ainneoin na hoibleagáide a fhorchuirtear ar na Ballstáit le hAirteagal 4(3) de Threoir 85/337, ach gné chainníochtúil iarmhairtí tionscadail a chur san áireamh, gan critéir roghnúcháin eile in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir sin, go háirithe an ceann a leagtar síos i bpointe 2(g) den Iarscríbhinn sin, eadhon dlús daonra an limistéir lena mbaineann an tionscadal.

### ii. An réasúnaíocht is bonn leis an gcinneadh gan tionscadal a chur faoi réir measúnaithe

***Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 30 Aibreán 2009, Mellor (C-75/08, EU:C:2009:279).***

*(Treoir 85/337/CEE – Measúnú ar thionchar tionscadal áirithe ar an gcomhshaol – Oibleagáid maidir le cinneadh gan tionscadal a chur faoi réir measúnaithe a chur ar fáil go poiblí)*

Ag éisteacht le tarchur chun réamhrialú ón Court of Appeal (England & Wales) (Civil Division) [Cúirt Achomhairc (Sasana agus an Bhreatain Bheag) (Rannán Sibhialta), an Ríocht Aontaithe], soiléiríonn an Chúirt an bealach nach mór cúiseanna a thabhairt le

cinneadh ón údarás riaracháin inniúil gan measúnú a dhéanamh ar an tionchar ar an gcomhshaol maidir le tionscadal atá cumhdaithe ag Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 85/337.

I mí Dheireadh Fómhair 2006, chuir Partnerships in Care iarratas isteach ar chead chun aonad ospidéil meánslándála a thógáil ar thalamh atá suite i gceantair thuaithe i Limistéar Nidderdale na Sáráilleachta Nádúrtha (‘Nidderdale Area of Outstanding Natural Beauty’).

I litir dar dáta 4 Nollaig 2006, d’fhoilsigh an Secretary of State for Communities and Local Government (an ‘Secretary of State’) cinneadh ar dá réir nach mbeadh measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol riachtanach. Dar leis, ba é an chúis a bhí leis an gcinneadh sin gur ‘“tionscadal de chineál Iarscríbhinn II” a bhí ann nach raibh baol ann go mbeadh tionchair suntasacha aige ar an gcomhshaol mar gheall ar thosca amhail a chineál, a mhéid nó a shuíomh. Níor chuir sé cúiseanna níos sonraí ar fáil.

Rinne an tUasal Mellor achomharc i gcoinne an chinnidh sin ón Státrúnaí, ar dhíbh an High Court of Justice (England), Queen’s Bench Division (an Ríocht Aontaithe) é. Ag éisteacht le hachomharc ina choinne, chinn an chúirt a rinne an tarchur ceisteanna a tharchur le haghaidh réamhrialú maidir le cé acu an gá nó nach gá cinneadh gan measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol a dhéanamh faoi Threoir 85/337 [11] a bheith réasúnaithe agus, más gá, conas ar cheart é sin a dhéanamh.

I ndáil leis sin, dearbhaíonn an Chúirt nach mór Airteagal 4 de Threoir 85/337 a léiriú sa chaoi nach gceanglaítear leis go dtabharfaí leis an gcinneadh, ar dá réir nach bhfuil sé riachtanach go mbeadh tionscadal atá ábhartha faoi Iarscríbhinn II den Treoir sin faoi réir measúnaithe ar an tionchar ar an gcomhshaol, na cúiseanna a chinn an t-údarás nach raibh measúnú den chineál sin ag teastáil. I gcás ina n-iarrfaidh duine lena mbaineann amhlaidh, áfach, beidh sé d'oibleagáid ar an údarás riaracháin inniúil na cúiseanna atá leis an gcinneadh sin nó an fhaisnéis agus na doiciméid ábhartha a sholáthar dó mar fhreagra ar an iarraidh arna tíolacadh. D’fhéadfadh nochtadh den sórt sin ina dhiaidh sin a bheith i bhfoirm ní hamháin ráiteas sainráite ar chúiseanna, ach i bhfoirm soláthar faisnéise agus doiciméad ábhartha chomh maith mar fhreagairt ar an iarraidh a cuireadh isteach.

Ina theannta sin, soiléiríonn an Chúirt, i gcás ina leagtar amach I gcinneadh ó Bhallstát gan tionscadal a chumhdaítear le hIarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 85/337 a chur faoi réir measúnaithe ar an tionchar ar an gcomhshaol i gcomhréir le hAirteagail 5 go 10 den Treoir sin na forais ar a bhfuil an cinneadh sin bunaithe, gur leor na cúiseanna ar a bhfuil sé bunaithe a lua, mar aon leis an bhfaisnéis a tugadh ar aird na ndaoine lena mbaineann cheana féin, agus a críochnaíodh leis an bhfaisnéis bhreise is gá a bhfuil sé de cheangal ar an údarás inniúil náisiúnta iad a sholáthar dóibh nuair a n-éilíonn siad

[11] Arna leasú le Treoir 2003/35/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Bealtaine 2003 lena bhforáiltear do rannpháirtíocht an phobail i leith pleananna agus cláir áirithe a bhaineann leis an gcomhshaol a tharraingt suas agus lena leasaítear, maidir le rannpháirtíocht phoiblí agus rochtain ar cheartas, Treoir 85/337/CEE ón gComhairle agus Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 2003, L 156, lch. 17).

iad, go bhféadfaidís cinneadh a dhéanamh an iomchuí caingean a thionscnamh i gcoinne an chinnidh sin.

## c) Díolúintí ón oibleagáid measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí

***Breithiúnas an 29 Iúil 2019 (an Mór-Dhlísheomra), Inter-Environnement Wallonie agus Bond Beter Leefmilieu Vlaanderen (C-411/17,*** **EU:C:2019:622)**

*(Tarchur chun réamhrialú – Comhshaol – Coinbhinsiún Espoo – Coinbhinsiún Aarhus – Gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flora fiáine a chaomhnú – Treoir 92/43/CEE – Airteagal 6(3) – An coincheap "tionscadal" – Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol – Airteagal 6(4) – An coincheap "cúiseanna sáraitheacha a bhaineann leis an leas poiblí" – Éin fhiáine a chaomhnú – Treoir 2009/147/CE – Measúnú ar thionchair tionscadal poiblí agus príobháideach áirithe ar an gcomhshaol – Treoir 2011/92/AE – Airteagal 1(2)(a) – An coincheap "tionscadal" – Airteagal 2(1) – Airteagal 4(1) – Measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol – Airteagal 2(4) – Díolúine ó mheasúnú – Deireadh a chur le fuinneamh núicléach de réir a chéile – Deireadh a chur de réir a chéile le fuinneamh núicléach – Reachtaíocht náisiúnta lena bhforáiltear, de pháirt amháin, táirgeadh tionsclaíoch leictreachais a atosú, ar feadh tréimhse beagnach 10 mbliana, ag stáisiún cumhachta núicléiche a dúnadh agus a bhfuil mar thoradh air sin an dáta a leag an reachtas náisiúnta síos ar dtús a chur siar 10 mbliana chun é a dhíghníomhachtú agus chun deireadh a chur lena ghníomhaíocht agus, de pháirt eile, an téarma a bhí beartaithe ar dtús ag an reachtas céanna a chur siar 10 mbliana chomh maith chun é a dhíghníomhachtú agus chun deireadh a chur le táirgeadh tionsclaíoch leictreachais stáisiúin cumhachta núicléiche – Easpa measúnaithe ar an tionchar ar an gcomhshaol)*

Sa bhreithiúnas sin, a bhfuil a chomhthéacs fíorasach leagtha amach thuas [12], déanann an Chúirt léiriú chomh maith ar Airteagal 2(4) de Threoir 2011/92, lena gceadaítear do na Ballstáit, i gcásanna eisceachtúla, tionscadal sonrach a dhíolmhú go hiomlán nó go páirteach ó fhorálacha na Treorach sin.

I ndáil leis sin, tugann an Chúirt le fios nach n-údaraítear do Bhallstát, faoin bhforáil sin, tionscadal a bhaineann le táirgeadh tionsclaíoch leictreachais stáisiúin cumhachta núicléiche a leathnú ó mheasúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol chun slándáil a sholáthair leictreachais a áirithiú ach amháin i gcás ina léiríonn sé, go háirithe, gur dóchúil é an riosca atá ann maidir le slándáil an tsoláthair agus go bhfuil práinn ag baint leis an tionscadal atá i gceist a d'fhéadfadh údar a thabhairt le heaspa measúnaithe den sórt sin. Mar sin féin, tá an fhéidearthacht díolúine den sórt sin a dheonú gan dochar don oibleagáid measúnú a dhéanamh ar an tionchar ar an gcomhshaol i ndáil le

[12] Maidir le comhthéacs fíorasach agus dlíthiúil na n-imeachtaí, féach fo-cheannteideal I. 1 a) 'An coincheap "tionscadal"'. Déantar an breithiúnas sin a chur i láthair chomh maith faoi cheannteidil I. 2 a) "Tionscadail lena mbaineann riosca go mbeidh tionchair suntasacha acu ar an gcomhshaol"' (Iarscríbhinn I) agus III. 1 'Gníomhartha náisiúnta arna nglacadh de shárú ar Threoir 2011/92'.

tionscadail a bhfuil éifeachtaí trasteorann acu, amhail an méid atá i gceist sna príomhimeachtaí.

## 3. Raon feidhme an mheasúnaithe ar an tionchar

***Breithiúnas an 14 Márta 2013, Leth (C-420/11,*** **[EU:C:2013:166)](EU:C:2013:166)**

*(Comhshaol – Treoir 85/337/CEE – Measúnú ar thionchair tionscadal poiblí agus príobháideach áirithe ar an gcomhshaol – Toiliú a thabhairt do thionscadal den chineál sin in éagmais measúnú cuí – Cuspóirí an mheasúnaithe sin – Coinníollacha ar a mbraitheann an ceart chun cúitimh – Daoine aonair a chuimsiú nó gan iad a chuimsiú i gcoinne damáiste airgeadais)*

Mar fhreagairt ar tarchur chun réamhrialú arna thabhairt ag Oberster Gerichtshof (Cúirt Uachtarach na hOstaire), sonraíonn an Chúirt raon feidhme an mheasúnaithe ar an tionchar ar an gcomhshaol faoi Threoir 85/337 [13].

Bhí teach ag an iarratasóir sna príomhimeachtaí, a bhí suite i bparaiméadair slándála Aerfort Schwechat Vín san Ostair. Le linn thréimhse bhailíochta Threoir 85/337, i leaganacha comhleanúnacha, rinneadh athruithe ar an aerfort sin mar thoradh ar bhearta sínte éagsúla, gan éifeachtaí na mbeart sin ar an gcomhshaol a chur faoi réir measúnaithe de bhun na Treorach sin.

Ós comhair chúirteanna na hOstaire, éilíonn an t-iarratasóir cúiteamh ó Stát na hOstaire agus ó Land Niederösterreich (an Ostair) as dímheas a maoine mar gheall ar thruailliú torainn agus áitíonn sí, mar thaca leis an iarratas sin, gur cheart go gcuirfí éifeachtaí comhshaoil na dtionscadal sínte faoi réir measúnaithe faoi Threoir 85/337.

Agus an díospóid ós a comhair, d'iarr an Oberster Gerichtshof (an Chúirt Uachtarach) ar cheart Airteagal 3 de Threoir 85/337 a léiriú sa chaoi go n-áirítear leis an measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol, mar a fhoráiltear leis an Airteagal sin, Measúnú ar thionchar an tionscadail lena mbaineann ar luach na n-earraí inláimhsithe.

I ndáil leis sin, dar leis an gCúirt, agus Airteagal 3 de Threoir 85/337 á chur i bhfeidhm, nach mór imscrúdú a dhéanamh ar na héifeachtaí díreacha agus indíreacha a d'fhéadfadh a bheith ag tionscadal ar, go háirithe, an duine agus na hearraí, agus i gcomhréir leis an gceathrú fleasc den Airteagal sin, gur cheart imscrúdú a dhéanamh ar na héifeachtaí sin ar idirghníomhú idir an dá phríomhchúis chomh maith. Dá bhrí sin, is gá scrúdú a dhéanamh, go háirithe, ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag tionscadal ar úsáid sócmhainní ábhartha ag daoine.

[13] Arna leasú le Treoir 97/11/CE ón gComhairle an 3 Márta 1997 (IO 1997, L 73, lch. 5), agus 2003/35/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Márta 2003 (IO 2003, L 156, lch. 17).

Dá bhrí sin, agus measúnú á dhéanamh ar thionscadail amhail na tionscadail atá i gceist sna príomhimeachtaí, a d'fhéadfadh méadú ar thorann aerárthaí a bheith mar thoradh orthu, ní mór measúnú a dhéanamh ar thionchair na dtionscadal sin ar úsáid foirgneamh ag daoine. Mar sin féin, ní féidir leathnú an mheasúnaithe ar an gcomhshaol chuig luach maoine na sócmhainní inláimhsithe a thuiscint ó fhoclaíocht Airteagal 3 agus ní bheadh sé comhsheasmhach le cuspóir Threoir 85/337 ach oiread.

Dá bhrí sin, chinn an Chúirt nach mór go ndéanfaí, leis an measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol dá bhforáiltear in Airteagal 3 den Treoir sin, na héifeachtaí díreacha agus indíreacha a bhíonn ag torann ar an duine a shainaithint, a thuairisciú agus a mheasúnú i gcás ina n-úsáidtear maoin dhochorraithe a bhfuil tionchar ag tionscadal uirthi amhail an tionscadal atá i gceist sna príomhimeachtaí. I gcodarsnacht leis sin, ní chuimsítear leis an measúnú sin tionchar tionscadail den chineál sin ar luach na n-earraí inláimhsithe.

***Breithiúnas an 24 Feabhra 2022, Namur-Est Environnement (C-463/20,* EU:C:2022:121)**[14]

*(Tarchur chun réamhrialú – Comhshaol – Treoir 2011/92/AE – Measúnú ar thionchair tionscadal áirithe ar an gcomhshaol – Treoir 92/43/CEE – Gnáthóga nádúrtha a chaomhnú – Caidreamh idir an nós imeachta measúnachta agus toilithe dá dtagraítear in Airteagal 2 de Threoir 2011/92/AE agus nós imeachta náisiúnta i leith maolú ó na bearta cosanta speiceas de bhun Threoir 92/43/CEE – An coincheap "toiliú" – Próiseas casta cinnteoireachta – Oibleagáid chun measúnú a dhéanamh – Raon feidhme ábhartha – Céim an nós imeachta nach mór rannpháirtíocht phoiblí sa phróiseas cinnteoireachta a chinntiú)*

Ag éisteacht le tarchur chun réamhrialú ón Conseil d'État (Comhairle Stáit na Beilge), soiléiríonn an Chúirt raon feidhme an mheasúnaithe ar an tionchar faoi Threoir 2011/92 i gcás ina gceanglaítear ar an bhforbróir, leis an tionscadal atá i gceist, maolú a fháil ó na bearta chun speicis ainmhithe agus plandaí dá bhforáiltear i dTreoir 92/43 a chosaint.

An 4 Samhain 2008, chuir an cumann Sagrex SA iarratas ar chead aonair faoi bhráid údarás inniúil Réigiún na Vallúine maidir le tionscadal chun obair a atosú ar chairéal ag a bhfuil achar níos mó ná 50 heicteár atá suite in Bossimé (an Bheilg) agus chun saoráidí agus na forbraíochtaí a bhaineann leis an tionscadal a thógáil, go háirithe ar bhruacha an Meuse.

An 1 Meán Fómhair 2010, thug an t-údarás sin cuireadh chuig Sagrex chun pleananna leasaithe agus measúnú sa bhreis ar an tionchar ar an gcomhshaol maidir leis an dtionscadal sna príomhimeachtaí a chur faoina bhráid.

An 15 Aibreán 2016, chuir Sagrex iarratas ar mhaolú ar na bearta le haghaidh cosaint speiceas ainmhithe agus plandaí dá bhforáiltear i reachtaíocht na Beilge lena ndéantar Treoir 92/43 a thrasuí, i dtaca leis an tionscadal sin, faoi bhráid ArdChigire Roinn an

[14] Déantar an breithiúnas sin a chur i láthair faoi cheannteidil I.4 (b) "Na coinníollacha nós imeachta faoina ndéantar an measúnú tionchair a chinneadh", agus I. 5 a) ii. 'Rannpháirtíocht phoiblí i gcinnteoireacht fhadtréimhseach'.

Dúlra agus na bhForaoisí i Réigiún na Vallúine. Le cinneadh maidir le díolúine arna ghlacadh an 27 Meitheamh 2016, cheadaigh an tArdchigire don iarratas sin, ar an gcoinníoll go ndéanfadh Sagrex raon leathan beart maolaithe a chur chun feidhme.

Trí mhí ina dhiaidh sin, chuir Sagrex na pleananna leasaithe agus an measúnú sa bhreis ar an tionchar ar an gcomhshaol maidir leis an dtionscadal faoi bhráid údarás inniúil Réigiún na Vallúine arna iarradh an 1 Meán Fómhair 2010. Le breithiúnas arna dátú an 25 Meán Fómhair 2017, dhiúltaigh Aire Réigiún na Vallúine, a bhí freagrach as an gComhshaol agus Pleanáil Spásúil, an cead a bhí á lorg ag Sagrex amháin a dheonú.

Idir an dá linn, thaisc an comhlachas Namur-Est Environnement, iarratas ar neamhniú ar chinneadh diólúine an 27 Meitheamh 2016 arna ghlacadh ag an Ardchigire. Mar thaca lena iarratas, mhaígh an comhlachas, go dtagann an cinneadh maolaithe sin faoi raon feidhme an toilithe forbartha do thionscadal de réir bhrí Airteagal 1(2) de Threoir 2011/92, agus gur cheart dá réir sin go ndéanfaí roimhe sin measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol agus an comhairliúchán poiblí a ghabhann leis, rud nárbh amhlaidh go dtí seo.

Sa chomhthéacs sin, chinn an Conseil d’État ceisteanna le haghaidh réamhrialú a tharchur chuig an gCúirt, go háirithe, maidir leis an oibleagáid chun measúnú a dhéanamh dá bhforáiltear in Airteagal 2(1) de Threoir 2011/92 ar thionscadail a bhfuil baol ann go mbeadh tionchar sunstasach acu ar an gcomhshaol.

I ndáil leis sin, tugann an Chúirt dá haire gur léir ó fhorálacha uile Threoir 2011/92 go gcaithfí an cinneadh maidir le toiliú forbartha tionscadal a bhfuil baol ann go mbeidh tionchair suntasacha acu ar an gcomhshaol a dhéanamh ag deireadh an phróisis iomláin d’fhonn measúnú a dhéanamh ar na tionscadail sin. Mar thoradh ar an bpróiseas cinnteoireachta sin, arb ionann a thoiliú agus an pointe críochnaithe, ní mór don údarás inniúil aird iomlán a thabhairt ar na héifeachtaí is dócha a bheidh ag tionscadail atá faoi réir na hoibleagáide déach maidir le measúnú agus toiliú forbartha a leagtar síos in Airteagal 2(1) de Threoir 2011/92 ar an gcomhshaol.

Dá bhrí sin, sa chás sonrach ina dtabharfaí le tuiscint le cur chun feidhme tionscadail atá faoi réir na hoibleagáide dúbailte sin maidir le measúnú agus toiliú forbartha go ndéanann an forbróir iarratas ar mhaolú agus go bhfaigheann sé maolú ar na bearta maidir le speicis ainmhithe agus plandaí a chosaint a leagtar síos le forálacha an dlí náisiúnta lena ndéantar Treoir 92/43 a thrasuí agus, dá bhrí sin, i gcás inar dócha go mbeadh éifeachtaí ag an tionscadal sin ar na speicis sin, ní mór go mbainfeadh an measúnú ar an tionscadal sin, go háirithe, leis na héifeachtaí sin.

## 4. Nósanna imeachta údaraithe fadtréimhseach

### a) Cathain ar cheart measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol a dhéanamh

***Breithiúnas an 7 Eanáir 2004, Wells (C-201/02, EU:C:2004:12)[15]***

*(Treoir 85/337/CEE – Measúnú ar thionchair tionscadal áirithe ar an gcomhshaol – Beart náisiúnta lena dtugtar ceadúnas mianadóireachta gan measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol a dhéanamh – Éifeacht dhíreach na dTreoracha – Cás triantánach)*

Ina breithiúnas i gcás Wells, shainaithin an Chúirt, go háirithe, an tráth nach mór an measúnú ar an tionchar faoi Threoir 85/337 a dhéanamh nuair a théann nós imeachta údarúcháin trí chéimeanna éagsúla.

Rinne an High Court of Justice (Sasana), Queen's Bench Division (an Chúirt Riaracháin) (an Ríocht Aontaithe) tarchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú i gcomhthéacs díospóide idir Wells agus údaráis na Ríochta Aontaithe maidir le gnó Conygar Quarry, cairéal chun ábhair thógála a eastóscadh atá suite gar dá teach, a tháthcheangal.

Bhí an cairéal sin, ar tugadh údarú chun oibriúcháin a dhéanamh air in 1947, neamhghníomhach ar feadh roinnt blianta nuair a cheannaigh Wells a teach in 1984. Mar sin féin, arna iarraidh sin d'úinéirí an chairéil, chláraigh an Mineral Planning Authority (an tÚdarás Pleanála Mianraí inniúil ('MPA')) an seanúdarú chun oibriúcháin a dhéanamh ar an gcairéal, le cinneadh an 24 Lúnasa 1992, agus shonraigh sé nach bhféadfaí aon oibríocht a dhéanamh go dleathach i gcás nach gcuirtear iarratas isteach ar choinníollacha nua agus ar choinníoll go ndéantar an t-iarratas sin a dheonú go cinntitheach.

Ag éisteacht le hachomharc ó úinéirí an chairéil chun coinníollacha oibriúcháin nua a leagan síos, rinne MPA, le cinneadh an 22 Nollaig 1994, coinníollacha níos déine ná na coinníollacha a mhol úinéirí an chairéil a fhorchur. Mar sin, rinne úinéirí an chairéil a gceart chun achomharc a fheidhmiú ós comhair an Secretary of State for Transport, Local Government and the Regions (an 'Secretary of State').

Le cinneadh an 25 Meitheamh 1997, rinne an Secretary of State 54 gcoinníollacha oibriúcháin a fhorchur, agus pointí a fhágáil faoi rogha an MPA chomh maith. Rinne an MPA na pointí sin a fhormheas, le cinneadh dar dáta an 8 Iúil 1999.

Níor bhreathnaigh an Secretary of State nó an MPA ar an gceist cibé an mór measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol a dhéanamh faoi Threoir 85/337.

15 Déantar an breithiúnas sin a chur i láthair chomh maith faoi cheannteideal I.6 (a) 'Éifeacht dhíreach ingearach treoracha agus iarmhairtí diúltacha ar chearta tríú páirtithe'.

I bhfianaise an mhéid sin roimhe seo, d'iarr an t-iarratasóir ar an Secretary of State bearta iomchuí a dhéanamh, eadhon an toiliú oibriúcháin a tharraingt siar nó a leasú, chun an easpa measúnaithe ar an tionchar ar an gcomhshaol i nós imeachta údarúcháin a leigheas. Ós rud é nár freagraíodh a hiarraidh, thug sí caingean ós comhair na hArd-Chúirte Breithiúnais (Sasana agus an Bhreatain Bheag), Rannán Bhinse na Banríona (Cúirt Riaracháin), a tharchuir roinnt ceisteanna chuig an gCúirt le haghaidh réamhrialú.

Sa chomhthéacs sin, soiléiríonn an Chúirt go háirithe an tráth nach mór an measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol a dhéanamh i gcomhthéacs nós imeachta fadtréimhseach maidir le toiliú don fhorbairt, amhail an nós imeachta atá i gceist sa chás sin.

I ndáil leis sin, meabhraíonn an Chúirt, in Airteagal 2(1) de Threoir 85/337, nach mór an measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol a dhéanamh 'sula ndeonófar toiliú don fhorbairt'. De réir na chéad aithrise den Treoir sin, foráiltear, chomh maith, go gcuirfidh an t-údarás inniúil san áireamh, sa phróiseas cinnteoireachta, tionchar an tionscadail atá i gceist ar an gcomhshaol "a luaithe is féidir".

Dá bhrí sin, i gcás ina bhforáiltear leis an dlí náisiúnta go bhfuil nós imeachta maidir le toiliú le bheith fadthréimhseach, ar príomhchinneadh ceann acu agus cinneadh cur chun feidhme an ceann eile nach féidir dul thar na paraiméadair a chinntear leis an bpríomhchinneadh, ní mór na tionchair is dócha a mbeidh ag an tionscadal ar an gcomhshaol a shainaithint agus a mheasúnú le linn an nós imeachta a bhaineann leis an bpríomhchinneadh. Is sa chás gur féidir na tionchair sin a shainaithint le linn an nós imeachta a bhaineann leis an gcinneadh cur chun feidhme, agus sa chás sin amháin, gur cheart an measúnú a dhéanamh le linn an nós imeachta sin.

### b) Na coinníollacha nós imeachta faoina ndéantar an measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol a chinneadh

***Breithiúnas an 24 Feabhra 2022, Namur-Est Environnement (C-463/20,*** **EU:C:2022:121)**

*(Tarchur chun réamhrialú – Comhshaol – Treoir 2011/92/AE – Measúnú ar thionchair tionscadal áirithe ar an gcomhshaol – Treoir 92/43/CEE – Gnáthóga nádúrtha a chaomhnú – Caidreamh idir an nós imeachta measúnachta agus toilithe dá dtagraítear in Airteagal 2 de Threoir 2011/92/AE agus nós imeachta náisiúnta i leith maolú ó na bearta cosanta speiceas de bhun Threoir 92/43/CEE – An coincheap "toiliú" – Próiseas casta cinnteoireachta – Oibleagáid chun measúnú a dhéanamh – Raon feidhme ábhartha – Céim an nós imeachta nach mór rannpháirtíocht phoiblí sa phróiseas cinnteoireachta a chinntiú)*

Sa bhreithiúnas sin, a bhfuil a chomhthéacs fíorasach leagtha amach thuas [16] rialaigh an Chúirt freisin ar an lánrogha atá ag na Ballstáit chun na coinníollacha nós imeachta a chinneadh faoina ndéantar measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol faoi Threoir 2011/92 i gcás ina bhfuil roinnt céimeanna sa próiseas cinnteoireachta.

I ndáil leis sin, tugann an Chúirt dá haire go bhforáiltear go sainráite in Airteagal 2(2) de Threoir 2011/92 go bhféadfar an measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol a chomhtháthú sna nósanna imeachta náisiúnta atá ann cheana maidir le toiliú don fhorbairt. Mar thoradh air sin, ar an gcéad dul síos, ní gá an measúnú sin a dhéanamh i gcomhthéacs nós imeachta a cruthaíodh go sonrach chun na críche sin agus, ar an dara dul síos, ní gá é a dhéanamh i gcomhthéacs nós imeachta aonair ach oiread.

Cé go bhfuil lánrogha ag na Ballstáit, dá bhrí sin, lena gcuirtear ar a gcumas na coinníollacha nós imeachta faoina ndéantar an measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol a shainaithint agus na cumhachtaí éagsúla a bhaineann leis an measúnú sin a leithdháileadh ar roinnt údarás, go háirithe trí chumhacht cinnteoireachta a thabhairt do gach údarás maidir leis an ábhar sin, ní mór go gcomhlíonfar na ceanglais a leagtar síos le Treoir 2011/92 tríd an lánrogha sin a fheidhmiú agus ní mór a áirithiú, chomh maith, go n-urramófar go hiomlán na cuspóirí a shaothraítear leis an Treoir sin. Dá bhrí sin, ní mór go mbeidh an measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol ar thionscadal críochnaithe, in aon chás, sula dtabharfar toiliú don tionscadal sin.

I bhfianaise ghnéithe sonracha an cháis sna príomhimeachtaí, sonraíonn an Chúirt freisin, i gcás ina dtugann Ballstát an chumhacht chun measúnú a dhéanamh ar chuid de thionchair comhshaoil a bhaineann le tionscadail agus cinneadh a dhéanamh ag deireadh an pháirt-mheasúnaithe sin d’údarás seachas an t-údarás a thugann an chumhacht dó an tionscadal sin a údarú, nach mór an cinneadh sin a ghlacadh sula bhfaightear toiliú forbartha i leith an tionscadail sin. Thairis sin, ní féidir réamhbhreith a dhéanamh, ar an gcéad dul síos, ar an measúnú foriomlán nach mór don údarás atá inniúil chun an tionscadal a údarú a dhéanamh in aon chás agus, ar an dara dul síos, ar an gcinneadh a ghlactar tar éis an mheasúnaithe fhoriomláin sin, leis an measúnú páirteach ná leis an réamhchinneadh .

[16] Maidir le comhthéacs fíorasach agus dlíthiúil na n-imeachtaí, féach Ceannteideal I.3. ‘Raon feidhme an mheasúnaithe ar an tionchar’. Déantar an breithiúnas a chur i láthair faoi cheannteideal I. 5 a) II. ‘Rannpháirtíocht phoiblí i gcinnteoireacht fhadtréimhseach’.

## 5. Rannpháirtíocht an phobail sa próiseas cinnteoireachta agus rochtain ar cheartas

### a) Rannpháirtíocht an phobail sa phróiseas cinnteoireachta

#### i. Socruithe mionsonraithe chun an pobal a chur ar an eolas

***Breithiúnas an 7 Samhain 2019, Flausch agus páirtithe eile (C-280/18,*** **EU:C:2019:928)**

*(Tarchur chun réamhrialú – Comhshaol – Measúnú ar thionchair tionscadal áirithe ar an gcomhshaol – Rannpháirtíocht phoiblí sa phróiseas cinnteoireachta agus rochtain ar cheartas – Túsphointe an achomhairc)*

Mar fhreagairt ar tharchur chun réamhrialú ón Symvoulio tis Epikrateias (an Chomhairle Stáit, an Ghréig), chuir an Chúirt socruithe tuairiscithe agus modúlachtaí le haghaidh rannpháirtíocht phoiblí ar fáil, i gcinnteoireacht i gcúrsaí comhshaoil faoi Threoir 2011/92.

Tháinig an díospóid sna príomhimeachtaí chun cinn maidir leis an bplean chun ionad turasóireachta a thógáil ar oileán Ios na Gréige. I gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta, foilsíodh éileamh ar na páirtithe leasmhara uile páirt a ghlacadh sa nós imeachta um measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol don tionscadal seo i nuachtán áitiúil oileán Syros (oileánra Cyclades, an Ghréig) agus in oifigí riaracháin réigiún Aeigéach theas an oileáin chéanna, atá suite 55 mhuirmhíle ó oileán Ios agus gan nascacht laethúil leis.

Bliain ina dhiaidh sin, ghlac na hAirí Comhshaoil agus Fuinnimh agus Turasóireachta an cinneadh lenar formheasadh an tionscadal chun an ionad turasóireachta a thógáil. Foilsíodh an cinneadh sin ar an tairseach rialtais *Diavgeia* agus ar shuíomh gréasáin na hAireachta Comhshaoil.

Rinne roinnt úinéirí maoine ar oileán Ios agus trí chomhlachas cosanta comhshaoil caingean a thionscnamh chun an cinneadh formheasa sin a neamhniú níos mó ná 18 mí tar éis a ghlactha. Éilíonn siad nach bhfuair siad amach faoi go dtí gur cuireadh tús leis an obair feistiúcháin ar an suíomh.

I ndáil leis sin, sonraíonn an chúirt a rinne an tarchur, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta lena ndéantar Treoir 2011/92 a thrasuí, fad is nach bhfuil clár leictreonach comhshaoil tugtha isteach, go dtionscnaítear an rannpháirtíocht phoiblí a cheanglaítear leis an Treoir sin trí fhógra a thabhairt ag oifig chláraithe an réigiúin inniúil agus tríd an bhfaisnéis a bhaineann leis an tionscadal a fhoilsiú sa phreas áitiúil agus trí iarraidh ar na páirtithe leasmhara uile eolas a chur ar an measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol agus a dtuairimí ina leith a chur in iúl.

Déantar foráil i reachtaíocht na Gréige freisin do thréimhse 60 lá chun caingean a thionscnamh chun cinntí a neamhniú, amhail cinneadh lenar tugadh údarú don ionad turasóireachta ar oileán Ios, a thosaíonn nuair a fhoilsítear an cinneadh sin ar an idirlíon.

Anuas ar an méid thuas, chinn an chúirt a rinne an tarchur ceisteanna a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú i dtaobh an gcomhlíonann an nós imeachta um rannpháirtíocht phoiblí a bhí ann roimh ghlacadh an chinnidh atá faoi chonspóid ceanglais Threoir 2011/92 agus an féidir tús a chur leis an tréimhse chun caingean a thionscnamh chun an cinneadh sin a neamhniú ó foilsíodh é ar shuíomh gréasáin.

Ina breithiúnas, chinn an Chúirt, ar an gcéad dul síos, go ndearnadh, le Treoir 2011/92 an cúram a fhorchoimeád do na Ballstáit na mionsonraithe chun an pobal a chur ar an eolas agus rannpháirtíocht an phobail i gcinnteoireacht i gcúrsaí comhshaoil a chinneadh, ar choinníoll, áfach, nach lú fabhar iad ná na cinn lena rialaítear cásanna intíre comhchosúla (prionsabal na coibhéise) agus nach bhfágann siad go bhfuil feidhmiú na gceart a thugtar le dlí an Aontais dodhéanta go praiticiúil nó ródheacair (prionsabal na héifeachtachta).

Maidir le prionsabal na héifeachtachta, meabhraíonn an Chúirt nach mór do na húdaráis inniúla a áirithiú go bhfuil na bealaí faisnéise a úsáidtear iomchuí chun teagmháil a dhéanamh leis na saoránaigh lena mbaineann, d'fhonn deis leordhóthanach a thabhairt dóibh chun eolas a fháil ar na gníomhaíochtaí atá beartaithe, ar an bpróiseas cinnteoireachta agus ar na deiseanna atá acu chun páirt a ghlacadh go luath sa phróiseas.

I ndáil leis sin, measann an Chúirt Bhreithiúnais nach cosúil go rannchuidíonn fógra ar áitreabh cheanncheathrú riaracháin réigiúnach, atá suite ar oileán Syros, cé go bhfuil foilsiú i nuachtán áitiúil ar an oileán sin ag gabháil leis, go leordhóthanach chun an pobal lena mbaineann a chur ar an eolas faoi thionscadal tógála a bhfuil sé beartaithe iad a bhaint amach ar oileán eile atá 55 mhuirmhíle ar shiúl.

Tugann an Chúirt faoi deara, ina dhiaidh sin, nach mór go gcuirfí ar chumas an phobail lena mbaineann a chearta a fheidhmiú go héifeachtach, rud a thugann rochtain éasca ar an gcomhad sin le tuiscint faoi choinníollacha éasca. Is faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé cinneadh a dhéanamh maidir le cé acu ar comhlíonadh na ceanglais sin sna príomhimeachtaí, agus aird á tabhairt, go háirithe, ar an iarracht nach mór go ndéanfadh an pobal lena mbaineann chun an trasnú idir oileáin Ios agus Syros a dhéanamh agus ar na féidearthachtaí atá ar fáil do na húdaráis inniúla chun an comhad a chur ar fáil, ar chostas iarrachta comhréirí, ar oileán Ios .

Ar deireadh, chin an Chúirt go gcuirtear cosc le Treoir 2011/92 ar reachtaíocht náisiúnta lena bhfágtar go n-iarrtar ar dhaoine den phobal lena mbaineann achomharc a thionscnamh laistigh de thréimhse a thosnóidh ón bhfógra toilithe an tionscadail ar an idirlíon, i gcás nach raibh deis leordhóthanach acu roimhe sin faisnéis a fháil maidir leis an nós imeachta údarúcháin i gcomhréir le ceanglais na Treorach sin.

### ii. Rannpháirtíocht phoiblí i bpróiseas cinnteoireachta fhadtréimhseach

***Breithiúnas an 24 Feabhra 2022, Namur-Est Environnement (C-463/20,*** [EU:C:2022:121)](EU:C:2022:121)

*(Tarchur chun reamhrialú – Comhshaol – Treoir 2011/92/AE – Measúnú ar thionchair tionscadal áirithe ar an gcomhshaol – Treoir 92/43/CEE – Gnáthóga nádurtha a chaomhnú – Caidreamh idir an nós imeachta measúnachta agus toilithe dá dtagraítear in Airteagal 2 de Threoir 2011/92/AE agus nós imeachta náisiúnta i leith maolú ó na bearta cosanta speiceas de bhun Threoir 92/43/CEE – An coincheap "toiliú" – Próiseas casta cinnteoireachta – Oibleagáid chun measúnú a dhéanamh – Raon feidhme ábhartha – Céim an nós imeachta nach mór rannpháirtíocht phoiblí sa phróiseas cinnteoireachta a chinntiú)*

Sa chás sin, a bhfuil a chomhthéacs fíorasach leagtha amach thuas [17], chuir an chúirt a rinne an tarchur ceist ar an gCúirt freisin maidir le rannpháirtíocht phoiblí faoi Threoir 2011/92, i bpróiseas casta cinnteoireachta arb é is príomhthréith dó nach n-iarrtar ar údarás ar leith ach cuid de thionchair comhshaoil an tionscadail lena mbaineann a mheas, ag céim roimh ré nó ag céim idirmheánach den phróiseas sin.

Maidir leis an bpointe sin, meabhraíonn an Chúirt go gcuirtear d'oibleagáid ar na Ballstáit faoi Airteagail 6 agus 8 de Threoir 2011/92 na bearta is gá a ghlacadh chun rannpháirtíocht phoiblí a áirithiú i gcomhréir le tacar ceanglas, mar chuid de phróiseas meastóireachta agus údaraithe na dtionscadal atá faoi réir na Treorach sin. I ndáil leis sin, ceanglaítear leis na hAirteagail sin go dtarlóidh rannpháirtíocht phoiblí go luath sa phróiseas cinnteoireachta, cibé an bhfuil nó nach bhfuil sé éifeachtach agus go gcuirfidh an t-údarás inniúil toradh na rannpháirtíochta sin san áireamh agus cinneadh á dhéanamh cibé acu a údaróidh nó nach n-údaróidh sé an tionscadal lena mbaineann.

D'fhéadfadh sé go mbeadh sé níos deacra na ceanglais éagsúla sin a réiteach i gcomhthéacs próiseas casta cinnteoireachta, go háirithe i gcás ina n-iarrtar ar údarás ar leith measúnú a dhéanamh, ag céim roimh ré nó ag céim idirmheánach, ar chuid d'éifeachtaí comhshaoil an tionscadail lena mbaineann, agus ar an gcuid sin amháin.

Dá bhrí sin, tugann an Chúirt dá haire, i gcás den sórt sin, nach mór an ceanglas maidir le rannpháirtíocht luath an phobail sa phróiseas cinnteoireachta a léiriú agus a chur i bhfeidhm ar bhealach atá comhsheasmhach leis an gceanglas atá chomh tábhachtach céanna maidir le rannpháirtíocht éifeachtach an phobail sin sa phróiseas sin.

Dá bhrí sin, i gcomhthéacs próiseas cinnteoireachta casta mar a thuairiscigh an chúirt a rinne an tarchur, ní cheanglaítear leis an gceanglas maidir le rannpháirtíocht luath an phobail sa phróiseas cinnteoireachta a leagtar síos in Airteagal 6 de Threoir 2011/92, go

[17] Maidir le comhthéacs fíorasach agus dlíthiúil na n-imeachtaí, féach ceannteideal II. 'Raon feidhme an mheasúnaithe ar an tionchar'. Déantar an breithiúnas sin a chur i láthair faoi cheannteideal I.4 (b) 'Na coinníollacha nós imeachta faoina ndéantar an measúnú tionchair a chinneadh'.

nglacfar an cinneadh roimh ré maidir le cuid d'éifeachtaí comhshaoil an tionscadail lena mbaineann rannpháirtíocht den sórt sin, ar choinníoll go gcuirfear rannpháirtíocht an phobail san áireamh go héifeachtach le linn an nós imeachta. Leis an gceanglas sin maidir le héifeachtacht, tugtar le tuiscint, ar an gcéad dul síos, go dtarlaíonn rannpháirtíocht roimh ghlacadh an chinnidh atá le glacadh ag an údarás inniúil chun an tionscadal sin a údarú, ar an dara dul síos, nach mór dó a chur ar chumas an phobail a thuairimí a chur in iúl go héifeachtach agus go cuimsitheach maidir le héifeachtaí uile an tionscadail sin ar an gcomhshaol agus, ar an tríú dul síos, go bhféadfaidh an t-údarás atá inniúil chun tionscadal den sórt sin a údarú an rannpháirtíocht sin a chur san áireamh go hiomlán.

## b) Rochtain ar an gceartas

### i. Oibleagáidí na mBallstát

***Breithiúnas an 15 Deireadh Fómhair 2015, An Coimisiún v An Ghearmáin, (C-137/14, EU:C:2015:683)***

*(Mainneachtain Stáit – Treoir 2011/92/AE – Measúnú ar thionchair tionscadal poiblí agus príobháideach áirithe ar an gcomhshaol – Airteagal 11 – Treoir 2010/75/AE – Astaíochtaí tionsclaíocha (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú – Airteagal 25 – Rochtain ar cheartas – Rialacha náisiúnta nós imeachta neamhdhleathacha)*

In 2014, thug an Coimisiún Eorpach caingean i gcoinne na Gearmáine mar gheall ar mhainneachtain a hoibleagáidí faoi Airteagal 11 de Threoir 2011/92 a chomhlíonadh [18].

De réir na chéad mhíre den fhoráil sin, áiritheoidh na Ballstáit, i gcomhréir lena gcreat dlíthiúil ábhartha, go mbeidh rochtain ag daoine den phobal lena mbaineann, a bhfuil leas leordhóthanach acu nó a mhaíonn go bhfuil ceart á shárú acu, i gcás ina bhforchuirtear coinníoll den sórt sin le dlí nós imeachta riaracháin Ballstáit, ar nós imeachta um athbhreithniú ós comhair cúirt dlí nó comhlacht neamhspleách neamhchlaonta eile arna bhunú le dlí chun agóid a dhéanamh i gcoinne dlíthiúlacht shubstainteach nó dlíthiúlacht nós imeachta cinntí, gníomhartha nó neamhghníomhartha a chumhdaítear le forálacha rannpháirtíochta poiblí Threoir 2011/92.

I ndáil leis sin, mhaígh an Coimisiún, go háirithe, nach ndearna an Ghearmáin a hoibleagáidí faoin bhforáil sin a chomhlíonadh tríd an méid seo a leanas a theorannú:

[18] San imeachtaí sin mar gheall ar mhainneachtain in oibleagáid a chomhlíonadh, mhaígh an Coimisiún sárú ar Airteagal 25 de Threoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú) (IO 2010, L 334, lch. 17)).

1) cásanna ina bhféadfar iarratas a dhéanamh chun cinneadh riaracháin a thagann faoi raon feidhme Threoir 2011/92 a neamhniú, mar gheall ar earráid nós imeachta agus
2) locus standi agus raon feidhme an athbhreithnithe bhreithiúnaigh ar agóidí a cuireadh isteach le linn an nós imeachta riaracháin.

Agus í ag seasamh leis na hagóidí sin, tugann an Chúirt dá haire, ar an gcéad dul síos, go gcuirtear cosc le hAirteagal 11 de Threoir 2011/92 ar na Ballstáit infheidhmeacht na bhforálacha lena ndéantar an tAirteagal sin a thrasuí a theorannú do chásanna ina ndéantar agóid i gcoinne dlíthiúlacht cinnidh ar an bhforas gur fágadh an measúnú comhshaoil ar lár, gan infheidhmeacht na bhforálacha sin a leathnú chuig cásanna ina ndearnadh measúnú den sórt sin, ach tar éis nós imeachta lochtach.

Ina theannta sin, theip ar an nGearmáin a hoibleagáidí faoin airteagal sin a chomhlíonadh trí theorainn a chur le neamhniú cinntí ar fhorais lochta nós imeachta do mhainneachtain measúnú nó scrúdú roimh ré a dhéanamh ar an tionchar ar an gcomhshaol agus do chásanna ina maíonn an t-iarratasóir go bhfuil nasc cúisíoch ag an locht nós imeachta le toradh an chinnidh. Fágann srian den sórt sin go bhfuil sé ródheacair an ceart chun leighis dá dtagraítear in Airteagal 11 de Threoir 2011/92 a fheidhmiú agus baintear an bonn de chuspóir na Treorach sin, is é sin rochtain leathan ar cheartas a thairiscint do dhaoine den phobal lena mbaineann.

Ar an dara dul síos, measann an Chúirt go gcuirtear cosc le hAirteagal 11 de Threoir 2011/92 ar shrian a chur, faoi fhoráil náisiúnta, ar an seasamh chun imeachtaí a thionscnamh agus ar raon feidhme an athbhreithnithe bhreithiúnaigh ar agóidí a cuireadh isteach cheana laistigh den tréimhse a forordaíodh le linn an nós imeachta riaracháin as ar eascair glacadh an chinnidh atá faoi achomharc.

I ndáil leis sin, soiléiríonn an Chúirt, cé nach gcuirtear cosc le hAirteagal 11(4) de Threoir 2011/92 ar chaingean ós comhair údarás riaracháin roimh an nós imeachta um athbhreithniú breithiúnach agus nach gcuirtear cosc leis ar dlí náisiúnta lena ndéanfaí foráil d’oibleagáid ar an iarratasóir na leigheasanna riaracháin go léir a ídiú sula n-údaraítear dó imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh a thionscnamh, ní cheadaítear leis an bhforáil sin de dhlí an Aontais, áfach, teorainn a chur leis na saincheisteanna dlí a bhféadfaidh an t-iarratasóir sin brath orthu mar thaca le leigheas breithiúnach.

Thairis sin, ní féidir údar a thabhairt le teorannú den sórt sin a fhorchuirtear ar an iarratasóir maidir le cineál na bpléadálacha a cheadaítear dó a thabhairt ós comhair na cúirte atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht an chinnidh riaracháin a bhaineann leis trí bhreithnithe a bhaineann le comhlíonadh phrionsabal na deimhneachta dlíthiúla. Ní shuitear ar bhealach ar bith go mbainfí an bonn den phrionsabal sin dá ndéanfadh na cúirteanna athbhreithniú iomlán ar fhiúntais an chinnidh sin.

Ina theannta sin, maidir le héifeachtacht nósanna imeachta riaracháin, cé go bhféadfadh saincheist dlí a ardú den chéad uair mar chuid de chaingean dlí, i gcásanna áirithe, bac a chur ar sheoladh cuí an nós imeachta sin, ní hamháin gurb é an cuspóir atá á shaothrú

le hAirteagal 11 de Threoir 2011/92 ná a áirithiú go mbeidh an rochtain is leithne is féidir ag an duine aonair ar athbhreithniú breithiúnach, ach freisin go gcumasófar leis an athbhreithniú sin dlíthiúlacht an chinnidh atá faoi chonspóid a chumhdach, ó thaobh substainte nó nós imeachta de, ina iomláine.

Sa chomhthéacs sin, tugann an Chúirt le fios gur féidir leis an reachtas náisiúnta, mar sin féin, rialacha sonracha nós imeachta a leagan síos, amhail neamh-inghlacthacht argóinte a chuirtear chun cinn ar bhealach mí-úsáideach nó de mheon mímhacánta, ar sásraí iomchuí iad chun éifeachtacht imeachtaí breithiúnacha a áirithiú.

## ii. Inghlacthacht caingne arna dtionscnamh ag daoine aonair

***Breithiúnas an 16 Aibreán 2015, Gruber (C-570/13,** EU:C:2015:231)*

*(Tarchur chun réamhrialú – Comhshaol – Treoir 2011/92/AE – Measúnú ar thionchair tionscadal poiblí agus príobháideach áirithe ar an gcomhshaol – Tógáil ionad siopadóireachta – Éifeacht shainordaitheach cinnidh riaracháin gan measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol a dhéanamh – Easpa rannpháirtíochta poiblí)*

Maidir le tarchur chun réamhrialú ón Verwaltungsgerichtshof (an Chúirt Uachtarach Riaracháin, an Ostair), measann an Chúirt go gcuirtear cosc le Treoir 2011/92 ar reachtaíocht náisiúnta faoina bhféadfaidh na comharsana lena mbaineann tionscadal chun ionad siopadóireachta a thógáil agus a oibriú gan cur i gcoinne an chinnidh nár cheart an tionscadal sin a bheith faoi réir measúnaithe ar an tionchar ar an gcomhshaol ná agóid a dhéanamh i gcoinne thoiliú forbartha an tionscadail ar dá réir gur cheart é a bheith faoi réir measúnaithe den chineál sin.

I mí Feabhra 2012, dheonaigh an Unabhängiger Verwaltungssenat für Kärnten (Seomra Riaracháin Neamhspleách ó Kärnten, an Ostair) údarú chun ionad siopadóireachta a thógáil agus a oibriú in Klagenfurt am Wörthersee (an Ostair) ar thalamh a bhaineann le maoin de chuid Gruber. I gcomhréir le cinneadh ó Rialtas Kärnten an 21 Iúil 2010, ní dhearnadh measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol roimh an toiliú sin.

Rinne Gruber achomharc a thionscnamh chun an cinneadh údarúcháin ós comhair an Verwaltungsgerichtshof (an Chúirt Riaracháin Uachtarach) a neamhniú, ar an bhforas, inter alia, gur ghá an t-údarú sin a chur faoi réir measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol. Mar thaca leis an gcaingean sin, mhaígh sí go raibh an cinneadh ó Rialtas Kärnten neamhdhleathach sa mhéid gur mheas sí nach raibh aon ghá measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol a dhéanamh maidir leis an tionscadal atá i gceist.

I ndáil leis sin, soiléiríonn an Verwaltungsgerichtshof (an Chúirt Riaracháin Uachtarach), faoi reachtaíocht na hOstaire, nach bhfuil sé de chumhacht ag comharsana amhail Gruber caingean a thionscnamh go díreach i gcoinne an chinnidh maidir leis an ngá atá ann le measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol a dhéanamh ar an tionscadal tógála

agus oibríochta atá i gceist, ná nach bhfuil seasamh acu agóid a dhéanamh i gcoinne an chinnidh sin i gcomhthéacs aon achomhairc i gcoinne an chinnidh maidir le toiliú forbartha.

Sna himthosca sin, chinn an chúirt sin ceist a tharchur chuig an gCúirt an gcomhlíonann reachtaíocht náisiúnta den sórt sin Treoir 2011/92.

Maidir leis an bpointe sin, meabhraíonn an Chúirt, de pháirt amháin, gur de réir Airteagal 11(1) den Treoir sin, áiritheoidh na Ballstáit, i gcomhréir lena gcreat dlíthiúil ábhartha, go bhféadfaidh daoine 'den phobal lena mbaineann' de réir bhrí Airteagal 1(2) a bhfuil 'leas leordhóthanach' acu nó a mhaíonn 'gur sáraíodh ceart', i gcás ina gceanglaítear é sin mar réamhchoinníoll le dlí nós imeachta riaracháin an Bhallstáit ábhartha, achomharc a dhéanamh i gcoinne cinntí, gníomhartha nó neamhghníomhartha maidir le forálacha Threoir 2011/92 d'fhonn agóid a dhéanamh i gcoinne a dlíthiúlachta substaintí nó nós imeachta

Ar an dara dul síos, tugann an Chúirt le fios, cé go bhfuil lánrogha leathan ag na Ballstáit cinneadh a dhéanamh maidir le cad is "leas leordhóthanach" nó "sárú ar cheart" ann, go bhfuil an lánrogha sin teoranta tríd an gcuspóir a chomhlíonadh maidir le rochtain leathan ar cheartas a áirithiú don phobal lena mbaineann. I ndáil leis sin, cé gur ar chumas an reachtais náisiúnta atá sé, go háirithe, teorainn a chur leis na cearta a bhféadfadh duine aonair brath ar a sárú i gcoinne ceann de na gníomhartha, cinntí nó neamhghníomhartha dá dtagraítear in Airteagal 11 de Threoir 2011/92 ar chearta suibiachtúla poiblí amháin, ní féidir léiriú sriantach a dhéanamh ar forálacha an Airteagail sin a bhaineann le cearta achomhairc daoine den phobal lena mbaineann cinntí, gníomhartha nó neamhghníomhartha a thagann faoi raon feidhme na Treorach sin.

Dá bhrí sin, tá reachtaíocht náisiúnta amhail an reachtaíocht atá i gceist sna príomhimeachtaí, lena mbaintear de líon an-mhór daoine aonair, lena n-áirítear go háirithe comharsana a d'fhéadfadh na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 11(1) de Threoir 2011/92 a chomhlíonadh, an ceart chun achomharc a dhéanamh i gcoinne cinntí lena suitear an gá measúnú a dhéanamh ar an tionchar ar an gcomhshaol ar thionscadal, ar neamhréir leis an Treoir sin.

### iii. Inghlacthacht caingne arna dtionscnamh ag comhlachais um chosaint an chomhshaoil

***Breithiúnas an 15 Deireadh Fómhair 2009, Djurgården-Lilla Värtans Miljöskyddsförening (C-263/08,*** **EU:C:2009:631 )**

*(Treoir 85/337/CEE – Rannpháirtíocht phoiblí sa phróiseas cinnteoireachta maidir leis an gcomhshaol – Ceart chun achomharc a dhéanamh in aghaidh cinntí toilithe forbartha a bhfuil baol ann go mbeidh tionchair suntasacha acu ar an gcomhshaol)*

Ina breithiúnas sa chás Djurgården-Lilla Värtans Miljöskyddsförening, aithníonn an Chúirt go gcuirtear cosc le hAirteagal 10(b) de Threoir 85/33[19] ar reachtaíocht náisiúnta lena bhforchoimeádtar an ceart chun achomharc a dhéanamh i gcoinne cinntí maidir le hoibríochtaí a thagann faoi raon feidhme na treorach sin chuig comhlachais cosanta comhshaoil a bhfuil 2 000 comhalta ar a laghad acu, agus chucu sin amháin.

Sna príomhimeachtaí, thug Comhairle Bardais Stócólm (an tSualainn) conradh i gcrích chun tollán de thart ar 1 km ar fhad i gcarraigeacha a thógáil d'fhonn línte cumhachta a chur i dtalamh ann in ionad aerlínte ardteannais.

Bunaithe ar an measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol a rinneadh i leith an tionscadail sin, tháinig maoracht cheantar Stócólm ar an gconclúid go raibh baol ann go mbeadh tionchar suntasach aige sin ar an gcomhshaol.

Ós rud é gur thug an t-údarás inniúil an cead chun na hoibreacha a dhéanamh mar sin féin, rinne comhlachas um chosaint an chomhshaoil achomharc i gcoinne an chinnidh ceada sin. Dearbhaíodh nach raibh an chaingean sin nghlactha, áfach, ar an bhforas nár chomhlíon an comhlachas is iarratasóir an coinníoll, a leagtar síos leis an reachtaíocht náisiúnta, ar dá réir nach mór go mbeadh 2 000 comhalta ar a laghad ann.

Ag éisteacht le hachomharc i gcoinne an chinnidh neamh-inghlacthachta sin chinn Högsta domstolen (an Chúirt Uachtarach, an tSualainn) roinnt ceisteanna a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú, lena n-áirítear an cheist an gceadaítear le Treoir 85/337 do na Ballstáit foráil a dhéanamh nach bhfuil comhlachais bheaga um chosaint an chomhshaoil i dteideal achomharc a dhéanamh i gcoinne cinneadh a bhaineann le hidirbheart a thagann faoi raon feidhme na Treorach sin.

Maidir leis an bpointe sin, meabhraíonn an Chúirt gur léir ó Threoir 85/337 go ndéantar idirdhealú sa Treoir sin, ar thaobh amháin, idir an pobal lena mbaineann ceann de na hidirbhearta a thagann faoina raon feidhme go ginearálta agus, ar an taobh eile, laistigh den phobal sin lena mbaineann, fochatagóir de dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha nach mór, i bhfianaise a seasaimh ar leith i leith an idirbhirt atá i gceist, an ceart a dheonú

[19] Aena leasú le Treoir 2003/35/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Bealtaine 2003 (IO 2003, L. 156, lch. 17).

dóibh, faoi Airteagal 10a den Treoir sin, agóid a dhéanamh i gcoinne an chinnidh lena ndéantar é a údarú.

Cé gur fíor go bhfágtar faoi na reachtais náisiúnta leis an Airteagal sin na coinníollacha a chinneadh a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ó eagraíocht neamhrialtasach a chuireann an comhshaol chun cinn mar chomhlachas chun leas a bhaint as an gceart chun achomhairc, ní mór do na rialacha náisiúnta a leagtar síos ar an gcaoi sin, ar thaobh amháin, "rochtain leathan ar cheartas" a áirithiú agus, ar an taobh eile, forálacha Threoir 85/337 maidir leis an gceart chun leigheasanna breithiúnacha a thabhairt dá n-éifeachtacht. Dá bhrí sin, níor cheart go mbeadh baol ann go bhfágfadh na rialacha náisiúnta sin forálacha dhlí an Aontais gan bhrí faoina gcaithfidh na daoine sin a bhfuil leas leordhóthanach acu i gconspóid a dhéanamh i gcoinne tionscadail agus na daoine sin a bhfuil tionchar aige ar a gcearta, lena n-áirítear comhlachais um chosaint an chomhshaoil, a bheith in ann imeachtaí a thionscnamh ós comhair na gcúirteanna inniúla.

Ag tabhairt dá haire gur aithin Rialtas na Sualainne nach raibh ach 2 000 comhalta ar a laghad ag dhá chomhlachas comhshaoil, tagann an Chúirt ar an gconclúid, dá bhrí sin, go gcuirtear cosc le hAirteagal 10a de Threoir 85/337 ar fhoráil de reachtaíocht na Sualainne lena bhforchoimeádtar an ceart achomharc a dhéanamh i gcoinne cinneadh a bhaineann le hoibríocht a thagann faoi raon feidhme na Treorach sin do chomhlachais um chosaint an chomhshaoil amháin a bhfuil 2 000 comhalta ar a laghad acu.

***Breithiúnas an 12 Bealtaine 2011, Bund für Umwelt und Naturschutz Deutschland, Landesverband Nordrhein-Westfalen (C-115/09, EU:C:2011:289)***

*(Treoir 85/337/CEE – (Measúnú ar thionchar tionscadal áirithe ar an gcomhshaol– Coinbhinsiún Aarhus – Treoir 2003/35/CE – An coincheap "gníomh sonrach reactaíochta náisiúnta – Coinbhinsiún Aarhus – Rochtain ar an gceartas – Eagraíochtaí neamhrialtasacha um Chosaint an Chomhshaoil )*

Ag éisteacht le tarchur chun réamhrialú, soiléiríonn an Chúirt a thuilleadh raon feidhme cheart caingne na gcomhlachas um chosaint an chomhshaoil faoi Threoir 85/337 [20].

Baineann na príomhimeachtaí le tionscadal chun gléasra giniúna leictreachais gualbhreoslaithe a thógáil agus a oibriú in Lünen (an Ghearmáin), a bhí faoi réir measúnaithe ar an tionchar ar an gcomhshaol. I gcomhthéacs an nós imeachta sin, d'eisigh an t-údarás inniúil réamhthuairim agus údarú páirteach, inar cinneadh nár iarr an tionscadal aon fhorchoimeádas dlí.

I mí an Mheithimh 2008, rinne eagraíocht neamhrialtasach comhshaoil darb ainm Bund für Umwelt und Naturschutz Deutschland, Landesverband Nordrhein-Westfalen eV

[20] Aena leasú le Treoir 2003/35/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Bealtaine 2003 (IO 2003, L. 156, lch. 17).

("BUND") caingean a thionscnamh ós comhair Oberverwaltungsgericht für das Land Nordrhein-Westfalen (Ard-Chúirt Riaracháin, an Réin Thuaidh-Westphalia, an Ghearmáin) ag iarraidh an réamhfhógra agus údarú páirteach an tionscadail atá i gceist a neamhniú. Dar leis go mbraitheann sé, go háirithe, ar shárú ar na forálacha lena ndéantar Treoir 92/43 a thrasuí.

De réir na cúirte sin, níl BUND i dteideal an chaingean le haghaidh neamhniú sin a thionscnamh, ós rud é nach n-éilíonn sé sárú ar cheart substainteach aonair, mar a cheanglaítear le dlí na Gearmáine chun ceart a bheith aige imeachtaí a thionscnamh. Mar sin féin, iarrann an chúirt a rinne an tarchur an bhfuil ceanglas na Gearmáine nach mór d'eagraíocht neamhrialtasach comhshaoil sárú den sórt sin a dhéantar ar cheart a dhearbhú i gcomhréir le dlí an Aontais féin, go háirithe le hAirteagal 10a de Threoir 85/337.

Mar fhreagra ar na ceisteanna sin, meabhraíonn an Chúirt go bhforáiltear leis an gcéad mhír d'Airteagal 10a de Threoir 85/337 nach mór cinntí, gníomhartha nó neamhghníomhartha a chumhdaítear le forálacha na Treorach sin a bhaineann le rannpháirtíocht phoiblí a bheith faoi réir athbhreithniú breithiúnach chun "agóid a dhéanamh in aghaidh dlíthiúlacht shubstainteach nó dlíthiúlacht nós imeachta", gan teorainn a chur ar bhealach ar bith leis na saincheisteanna dlí ar féidir brath orthu chun tacú le caingean den sórt sin.

Maidir le coinníollacha inghlacthachta na gcaingne, áirítear dhá chás leis an bhforáil sin: d'fhéadfadh sé go mbeadh inghlacthacht caingne ag brath ar "leas leordhóthanach" nó ar an gcoinníoll go maíonn an t-iarratasóir "sárú ar cheart", ag brath ar cibé acu an gcomhlíonann an reachtaíocht náisiúnta ceann amháin de na coinníollacha sin nó níos mó. Luaitear sa chéad abairt den tríú mír d'Airteagal 10a de Threoir 85/337 go gceanglaítear ar na Ballstáit cinneadh a dhéanamh maidir le cad is sárú ar cheart ann, i gcomhréir leis an gcuspóir 'rochtain leathan ar cheartas' a thabhairt don phobal lena mbaineann.

Maidir le caingne arna dtionscnamh ag gníomhaithe comhshaoil, cuirtear in iúl sa dara agus sa tríú habairt den tríú mír d'Airteagal 10a de Threoir 85/337, chun na críche sin, nach mór a mheas go bhfuil leas leordhóthanach nó cearta leordhóthanacha acu a d'fhéadfadh a bheith lagaithe, ag brath ar cé acu a úsáideann nó nach n-úsáideann an reachtaíocht náisiúnta ceann amháin nó ceann eile de na coinníollacha inghlacthachta sin.

Maidir leis an gcreat dlíthiúil sin, tugann an Chúirt dá haire, cé gur féidir leis an reachtas náisiúnta srian a chur leis na cearta ar féidir le duine aonair brath ar a sárú i gcomhthéacs athbhreithniú breithiúnach ar cheann de na cinntí nó na neamhghníomhartha, nó ar cheann de na gníomhartha dá dtagraítear in Airteagal 10a de Threoir 85/337, do chearta poiblí aonair amháin, nach féidir teorainn den sórt sin a chur i bhfeidhm mar sin maidir le comhlachais um chosaint an chomhshaoil mura

ndéantar neamhaird ar chuspóirí na habairte deiridh den tríú mír d'Airteagal 10a de Threoir 85/337.

Cé, mar is léir ón bhforáil sin, nach mór do na comhlachais sin a bheith in ann na cearta céanna a dhearbhú le daoine aonair, bheadh sé contrártha don chuspóir rochtain leathan ar cheartas a áirithiú don phobal lena mbaineann, ar thaobh amháin, agus do phrionsabal na héifeachtachta, ar an taobh eile, nach mbeadh na comhlachais sin in ann brath freisin ar lagú na rialacha a eascraíonn as dlí comhshaoil an Aontais ar an bhforas amháin go gcosnaíonn siad leasanna comhchoiteanna. Mar a léirítear leis na príomhimeachtaí, bhainfí an fhéidearthacht díobh, go mór mór, aird a thabhairt ar na rialacha a eascraíonn as an dlí sin, atá dírithe, i bhformhór na gcásanna, ar an leas ginearálta agus ní ar chosaint leasanna daoine aonair amháin.

Dá bhrí sin, chinn an Chúirt go gcuirtear cosc le hAirteagal 10a de Threoir 85/337 ar reachtaíocht nach gceadaítear léi d'eagraíocht neamhrialtasach a chuireann cosaint an chomhshaoil chun cinn, dá dtagraítear in Airteagal 1(2) den Treoir sin, agairt a dhéanamh ós comhair na gcúirteanna, i gcomhthéacs achomhairc i gcoinne cinneadh lena n-údaraítear tionscadail "ar dócha go mbeidh tionchair suntasacha acu ar an gcomhshaol" de réir bhrí Airteagal 1(1) de Threoir 85/337, ar shárú ar riail a eascraíonn as dlí an Aontais arb é is cuspóir di an comhshaol a chosaint, ar an bhforas nach gcosnaítear leis an riail sin ach leasanna an phobail i gcoitinne agus ní leasanna daoine aonair.

## iv. Ceanglas na gcostas neamh-thoirmeascach

### a. Raon feidhme

***Breithiúnas an 15 Márta 2018, North East Pylon Pressure Campaign agus Sheehy (C-470/16, EU:C:2018:185)***

*(Tarchur chun réamhrialú – Measúnú ar thionchar tionscadal áirithe ar an gcomhshaol – Treoir 2011/92/AE – Cearta achomhairc daoine den phobal lena mbaineann – Achomhairc roimh am – Na coincheapa "costas neamh-thoirmeascach" agus cinntí, gníomhartha nó neamhghníomhartha a chumhdaítear le forálacha na Treorach sin a bhaineann le rannpháirtíocht phoiblí – Infheidhmeacht choinbhinsiún Aarhus)*

Thug an Chúirt réamhrialú maidir le raon feidhme an cheanglais "gan a bheith róchostasach" a bhaineann le himeachtaí cúirte a bhaineann le cúrsaí comhshaoil, mar a leagtar síos i dTreoir 2011/92 agus i gCoinbhinsiún Aarhus [21].

[21] Coinbhinsiún maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht Phoiblí i gCinnteoireacht agus Rochtain ar Cheartas i gCúrsaí Comhshaoil, arna shíniú in Aarhus an 25 Meitheamh 1998 arna bhformheas thar ceann an Chomhphobail le Cinneadh 2005/370/CE ón gComhairle an 17 Feabhra 2005 (IO 2005, L 124, lch. 1, 'an Coinbhinsiún Aarhus')

In 2015, rinne EirGrid plc, oibreoir poiblí tarchurtha leictreachais Éireannach, iarratas ar údarú chun thart ar 300 crann cábla ardvoltais a shuiteáil chun líonraí na hÉireann agus Thuaisceart Éireann a nascadh agus chun iontaofacht sholáthar leictreachais an oileáin a chinntiú. Tar éis an iarratais fhoirmiúil ar thoiliú forbartha agus an measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol a chomhdú, rinne An Bord Pleanála, is é sin comhlacht achomhairc pleanála na hÉireann, éisteacht an 7 Márta 2016 a thionól.

An 4 Márta 2016, rinne úinéir talún agus brúghrúpa iarratas ar chead achomharc a dhéanamh chun agóid a dhéanamh i gcoinne an nós imeachta maidir le toiliú don fhorbairt. Dhiúltaigh an Ard-Chúirt (Éire), áfach, an t-údarú a lorgaíodh a dheonú ar an bhforas go raibh an t-achomharc roimh am.

Sna himeachtaí maidir le cánachas ar chostais, bhí easaontú idir na páirtithe maidir leis na costais a bhaineann leis an nós imeachta maidir le toiliú chun caingean a thionscnamh, ar mó a méid ná EUR 500 000. Sa chomhthéacs sin, chinn an Ard-Chúirt ceisteanna a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais maidir le comhoiriúnacht dhlí na hÉireann le forálacha Threoir 2011/92 agus le forálacha Choinbhinsiún Aarhus lena leagtar síos an ceanglas nár cheart d’imeachtaí cúirte áirithe a bheith róchostasach.

I ndáil leis sin, meabhraíonn an Chúirt go mbaineann an ceanglas nár cheart d’imeachtaí cúirte áirithe a bheith róchostasach a leagtar síos le hAirteagal 11(4) de Threoir 2011/92 le hiomlán na gcostas airgeadais go léir a thabhaítear mar thoradh ar rannpháirtíocht in imeachtaí breithiúnacha. Dá bhrí sin, ní mór an ceanglas sin a léiriú sa chaoi go bhfuil feidhm aige maidir le himeachtaí ós comhair cúirte de chuid Ballstáit, amhail an cás sna príomhimeachtaí, ina gcinntear an féidir achomharc a údarú le linn nós imeachta maidir le toiliú don fhorbairt, a fortiori i gcás nár chinn an Ballstát sin cén chéim ag a bhféadfaí achomharc a thabhairt.

Tugann an Chúirt dá haire chomh maith, i gcás ina maíonn iarratasóir an dá shaincheist lena n-éilítear sárú ar na rialacha maidir le rannpháirtíocht phoiblí sa phróiseas cinnteoireachta in ábhair chomhshaoil agus ina n-éilítear sárú ar rialacha eile, nach bhfuil feidhm ag an gceanglas maidir le gan a bheith róchostasach ach amháin maidir leis na costais a bhaineann leis an gcuid den chaingean atá bunaithe ar shárú ar na rialacha maidir le rannpháirtíocht phoiblí. Sa chás sin, is faoin gcúirt náisiúnta, ex aequo et bono agus de réir na rialacha nós imeachta náisiúnta is infheidhme, idirdhealú a dhéanamh idir na costais a bhaineann le gach ceann den dá chineál argóinte, chun a áirithiú go rachaidh an ceanglas maidir le costais nach bhfuil róchostasach chun tairbhe don chuid den chaingean atá bunaithe ar na rialacha maidir le rannpháirtíocht phoiblí.

Sa chomhthéacs sin, soiléiríonn an Chúirt nach mór Airteagal 9(3) agus (4) de Choinbhinsiún Aarhus a léiriú sa chaoi go mbaineann an ceanglas céanna leis an gcuid sin de chaingean nach gcumhdaítear le Treoir 2011/92, a mhéid a fhéachann an t-iarratasóir le comhlíonadh an dlí náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a áirithiú. Mura bhfuil éifeacht dhíreach ag na forálacha sin, is faoin gcúirt náisiúnta atá sé an dlí nós imeachta náisiúnta a léiriú ar bhealach atá comhsheasmhach leo, a mhéid is féidir.

Ar deireadh, tugann an Chúirt le fios nach féidir le Ballstát an ceanglas maidir le costas neamh-thoirmeascach, a leagtar síos le Coinbhinsiún Aarhus agus le Treoir 2011/92, a dhíolmhú i gcás ina gcinntear go bhfuil caingean suaibhreosach nó cráiteach, nó i gcás nach bhfuil aon nasc idir an sárú líomhnaithe ar an dlí náisiúnta comhshaoil agus an damáiste a líomhnaítear a rinneadh dó. Mar sin féin, is faoin gcúirt náisiúnta atá sé tosca a chur san áireamh amhail, go háirithe, an seans réasúnach go n-éireoidh leis an gcaingean nó cineál suaibhreosach nó cráiteach na caingne, ar choinníoll nach bhfuil méid na gcostas arna bhforchur ar an iarratasóir míréasúnta ard.

## b. Tagarmharcanna

***Breithiúnas an 11 Aibreán 2013, Edwards agus Pallikaropoulos (C-260/11,*** **EU:C:2013:221)**

*(Comhshaol – Coinbhinsiún Aarhus – Treoir 85/337/CEE – Treoir 2003/35/CE – Airteagal 10(a) – Treoir 96/61/CE – Airteagal 15(a) – Rochtain ar cheartas maidir leis an gcomhshaol – An coincheap "costais neamh-thoirmeascacha na n-imeachtaí cúirte)*

Mar fhreagra ar tharchur chun réamhrialú ón Supreme Court of the United Kingdom (Chúirt Uachtarach na Ríochta Aontaithe), soiléiríonn an Chúirt na tagarmharcanna chun measúnú a dhéanamh ar an gceanglas 'gan a bheith róchostasach' maidir le himeachtaí cúirte comhshaoil, mar a leagtar síos sa chúigiú mír d'Airteagal 10a de Threoir 85/337, [22] agus leis an gcúigiú mír d'Airteagal 15a de Threoir 96/61. [23].

Tar éis di achomharc a tionscnaíodh i gcomhthéacs nós imeachta maidir leis an gcomhshaol a dhíbhe, d'iarr an chúirt a rinne an tarchur ar an gCúirt Bhreithiúnais conas ba cheart di an ceanglas thuasluaite 'gan a bheith róchostasach' a chur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo, ag féachaint do na rioscaí suntasacha arna dtabhú ag an achomharcóir faoin reachtaíocht náisiúnta is infeidhme.

I ndáil leis sin, tugann an Chúirt dá haire go gciallaíonn an ceanglas nach bhféadfaidh imeachtaí breithiúnacha a bheith róchostasach, dá bhforáiltear sa chúigiú mír d'Airteagal 10a de Threoir 85/337 agus sa chúigiú mír d'Airteagal 15a de Threoir 96/61, nach gcuirtear cosc ar na daoine dá dtagraítear ann leigheas breithiúnach a thabhairt nó a shaothrú a thagann faoi raon feidhme na n-airteagal sin mar gheall ar an ualach airgeadais a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh air sin. I gcás ina n-iarrtar ar chúirt náisiúnta ordú a dhéanamh le haghaidh costais i gcoinne duine den phobal ar éilitheoir nár éirigh leis in imeachtaí maidir leis an gcomhshaol nó, ar bhonn níos ginearálta, i gcás ina gceanglaítear uirthi – mar chúirteanna sa Ríocht Aontaithe – a tuairimí a chur in iúl, ag céim níos luaithe de na himeachtaí, maidir le huasteorannú féideartha na gcostas a

[22] Arna leasú le Treoir 2003/35/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Bealtaine 2003 (IO 2003, L. 156, lch. 17).

[23] Treoir 96/61/CE ón gComhairle an 24 Meán Fómhair 1996 maidir le cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú (IO 1996, L 257, lch. 26), arna leasú le Treoir 2003/35/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Bealtaine 2003 (IO 2003, L 156, lch. 17).

bhféadfadh an páirtí nár éirigh leis a bheith faoi dhliteanas ina leith, ní mór di a dheimhniú di féin gur comhlíonadh an ceanglas sin, agus leas an duine ar mian leis a chearta a chosaint agus leas an phobail i gcosaint an chomhshaoil á gcur san áireamh.

Agus an measúnú sin á dhéanamh aici, ní féidir leis an gcúirt náisiúnta a cinneadh a bhunú ar staid eacnamaíoch an duine lena mbaineann amháin, ach ní mór di anailís oibiachtúil a dhéanamh ar mhéid na gcostas freisin. Dá bhrí sin, níor cheart costas na n-imeachtaí a bheith níos mó ná acmhainní airgeadais an duine lena mbaineann ná níor cheart go ndealródh sé, in aon chás, go bhfuil sé míréasúnta go hoibiachtúil. Thairis sin, is féidir leis an gcúirt an méid seo a leanas a chur san áireamh: cás na bpáirtithe lena mbaineann, an baol go mbeidh rath ag an gcosantóir, an bhfuil ionchas réasúnach ratha ag an éilitheoir, a thábhachtaí atá an méid atá i gceist don éilitheoir agus do chosaint an chomhshaoil, castacht an dlí agus an nós imeachta ábhartha, cineál an éilimh a d'fhéadfadh a bheith suaibhreosach ag céimeanna éagsúla dó, agus an chaoi go bhfuil scéim náisiúnta um chúnamh dlíthiúil nó córas cosanta costas.

Ós a choinne sin, ní leor ann féin nár díspreagadh an duine lena mbaineann óna chaingean a thionscnamh chun tacú leis an tuairim nach bhfuil costas na caingne toirmeascach de réir bhrí Threoracha 85/337 agus 96/61.

Ar deireadh, ní féidir le cúirt náisiúnta measúnú difriúil a dhéanamh ar an gceanglas nach bhféadfaidh imeachtaí breithiúnacha a bheith toirmeascach, ag brath ar cé acu a chinneann sí ag deireadh na n-imeachtaí ag an gcéad chéim, achomharc nó an dara hachomharc.

## 6. Éifeacht dhíreach agus léiriú comhsheasmhach

### a) Éifeacht dhíreach cothrománach treoracha agus iarmhairtí diúltacha do chearta tríú páirtí

***Breithiúnas an 7 Eanáir 2004, Wells (C-201/02,*** **EU:C:2004:12)**

*(Treoir 85/337/CEE – Measúnú ar thionchair tionscadal áirithe ar an gcomhshaol – Beart náisiúnta lena ndeonaítear údarú oibríochta gan measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol a dhéanamh – Éifeacht dhíreach na dTreoracha – Cás triantánach)*

Sa chás sin, a bhfuil a chomhthéacs fíorasach leagtha amach thuas [24], iarrtar ar an gCúirt Bhreithiúnais chomh maith rialú a thabhairt ar an gceist, In imthosca ar nós na himthosca sna príomhimeachtaí, an bhféadfaidh duine aonair amhail an t-iarratasóir, i gcás inarb infheidhme, brath ar Airteagal 2(1) de Threoir 85/337, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 1(2) agus Airteagal 4(2) di, i gcoinne údaráis na Ríochta Aontaithe.

[24] Maidir le comhthéacs fíorasach agus dlíthiúil na n-imeachtaí, féach ceannteideal I. 4 a) An coincheap 'tionscadal'".

I gcomhréir le hAirteagal 2(1) de Threoir 85/337, soláthróidh na Ballstáit na socruithe uile is gá chun a áirithiú, sula ndeonófar toiliú don fhorbairt, go gcuirfear tionscadail a bhfuil baol ann go mbeidh tionchair suntasacha acu ar an gcomhshaol de bharr, go háirithe, a gcineáil, a méide nó a suímh faoi réir ceanglas maidir le toiliú forbartha agus measúnú maidir lena dtionchair. Déantar na tionscadail sin a shainmhíniú in Airteagal 4 den Treoir sin.

Sa chomhthéacs sin, d'áitigh Rialtas na Ríochta Aontaithe, dá gceadófaí do dhuine aonair, amhail an t-iarratasóir, an ceart chun brath ar an bhforáil sin i gcoinne na n-údarás i gcás amhail an cás sna príomhimeachtaí, gurb ionann é agus "éifeacht dhíreach inbhéartach", ina mbeadh oibleagáid dhíreach ar an Ríocht Aontaithe a gcearta a bhaint d'úinéirí príobháideacha chairéal Conygar Quarry.

I ndáil leis sin, meabhraíonn an Chúirt go gcuirtear cosc le prionsabal na deimhneachta dlíthiúla ar threoracha lena bhforchuirfí oibleagáidí ar dhaoine aonair. Maidir leis an gceann deireanach sin, ní féidir ach cearta a chruthú le forálacha treorach. Dá bhrí sin, ní fhéadfaidh duine aonair brath ar threoir i gcoinne Ballstáit i gcás oibleagáid Stáit atá nasctha go díreach le comhlíonadh oibleagáide eile atá ar thríú páirtí de bhun na Treorach sin.

Ós a choinne sin, ní hamháin le hiarmhairtí diúltacha ar chearta tríú páirtithe, a thugtar údar , le diúltú do dhuine aonair brath ar fhorálacha treorach i gcoinne an Bhallstáit lena mbaineann, fiú má tá siad deimhnithe.

Dá bhrí sin, tugann an Chúirt dá haire, maidir leis an gcás sna príomhimeachtaí, nach bhfuil nasc díreach idir an oibleagáid atá ar an Ríocht Aontaithe a áirithiú go ndéanfaidh údaráis inniúla a bhaineann le hoibriú an chairéil Conygar Quarry measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol agus comhlíonadh aon oibleagáide atá ar úinéirí an chairéil sin, faoi Threoir 85/337. Ós rud é nach mór stop a chur le mianadóireacht chun fanacht ar thorthaí an mheasúnaithe, glactar leis go bhfuil sé mar thoradh ar an gcaoi gur comhlíonadh oibleagáidí an Stáit sin déanach. Ní ceadmhach iarmhairt den sórt sin a rangú, áfach, mar "éifeacht dhíreach inbhéartach" fhorálacha na Treorach sin maidir leis na húinéirí sin.

Dá réir sin, chinn an Chúirt go bhféadfaidh duine aonair amhail an t-iarratasóir, i gcás inarb iomchuí, brath, i gcoinne údaráis na Ríochta Aontaithe, ar Airteagal 2(1) de Threoir 85/337, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 1(2) agus Airteagal 4(2) den Treoir sin.

## b) An prionsabal nach mór léiriú a dhéanamh i gcomhréir leis an dlí náisiúnta

***Breithiúnas an 17 Deireadh Fómhair 2018, Klohn (C-167/17,*** **EU:C:2018:833)**

*(Tarchur chun réamhrialú – Comhshaol – Measúnú ar thionchair tiosncadal áirithe ar an gcomhshaol – Ceart chun caingean a thionscnamh i gcoinne chinnidh um thoiliú forbartha –*

*Ceanglas maidir le nós imeachta a bhfuil a costas neamh-thoirmeascach – Coincheap – Cur i bhfeidhm in am – Éifeacht dhíreach – Tionchar ar chinneadh náisiúnta maidir le cánachas costas atá tagtha chun bheith críochnaitheach)*

Maidir le tarchur chun réamhrialú ón gCúirt Uachtarach (Éire), meabhraíonn an Chúirt, cé nach bhfuil éifeacht dhíreach ag riail "na gcostas neamh-thoirmeascach" maidir le himeachtaí cúirte a bhaineann le cúrsaí comhshaoil, mar a leagtar amach sa chúigiú mír d'Airteagal 10a de Threoir 85/337 [25], go gceanglaítear ar chúirteanna náisiúnta mar sin féin léiriú ar an dlí náisiúnta a áirithiú, a mhéid is féidir, i gcomhréir leis an bhforáil sin.

In 2004, thug an Bord Pléanala (Gníomhaireacht Forbartha Talún na hÉireann) ('an Ghníomhaireacht') cead saoráid a thógáil in Achadh an Iúir i gContae Shligigh chun cigireacht a dhéanamh ar ainmhithe marbha a aimsíodh ar fud na hÉireann.

Thug an t-iarratasóir, úinéir feirme atá suite gar do shuíomh na saoráide sin, caingean ós comhair na gcúirteanna i gcoinne an cheada pleanála sin, a díbheadh le breithiúnas ón Ard-Chúirt an 23 Aibreán 2008. An 6 Bealtaine ina dhiaidh sin , d'ordaigh an chúirt sin don Uasal Klohn na costais arna dtabhú ag an nGníomhaireacht a íoc.

Le cinneadh an 24 Meitheamh 2010, rinne Máistir Fómhais na hArd-Chúirte cainníochtú ar na costais a bhí le haisíoc leis an nGníomhaireacht ag an iarratasóir ag thart ar EUR 86 000. Deimhníodh an cinneadh sin le cinneadh ón Ard-Chúirt, a ndearna an t-iarratasóir achomharc ina choinne chuig Cúirt Uachtarach na hÉireann.

Ag féachaint do mhéid na gcostas atá i gceist, chinn an Chúirt Uachtarach ceisteanna a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais, inter alia, maidir leis an méid seo a leanas:

- an bhfuil éifeacht dhíreach ag riail "na gcostas neamh-thoirmeascach", mar a leagtar amach sa chúigiú mír d'Airteagal 10a de Threoir 85/337, nó an bhfuil oibleagáid ann léiriú comhsheasmhach a dhéanamh ina leith sin, agus
- más rud é nach mór don Mháistir Fómhais nó don chúirt náisiúnta a éisteann achomharc in aghaidh a chinnidh chun riail na gcostas neamh-thoirmeascach a chur i bhfeidhm cé gur cinneadh críochnaitheach é an cinneadh lena dtugtar ordú chun costais a íoc.

Tar éis di a thabhairt faoi deara go n-eascraíonn an cheist maidir le héifeacht dhíreach riail na gcostas neamh-thoirmeascach sna príomhimeachtaí mar thoradh ar an gcaoi go ndearna Éireann an cúigiú mír d'Airteagal 10a de Threoir 85/337, arna leasú, a thrasuí go déanach, cinneann an Chúirt nach bhfuil éifeacht dhíreach ag an bhforáil sin. I gcomhréir leis an oibleagáid an dlí náisiúnta a léiriú i gcomhréir le dlí an Aontais, ceanglaítear mar sin féin ar chúirteanna na hÉireann, a mhéid is féidir, an dlí náisiúnta a léiriú, amhail ó dhul in éag na tréimhse dá bhforáiltear chun an cúigiú mír d'Airteagal 10a de Threoir 85/337 a thrasuí, ar bhealach nach gcuirfear cosc ar dhaoine aonair imeachtaí dlíthiúla a thionscnamh nó a shaothrú a thagann faoi raon feidhme an

[25] Arna leasú le Treoir 2003/35/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Bealtaine 2003 (IO 2003, L. 156, lch. 17).

Airteagail sin mar gheall ar an ualach airgeadais a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh air sin.

I ndáil leis sin, tugann an Chúirt le fios chomh maith go gceanglaítear ar chúirteanna na hÉireann, a luaithe a bheidh an tréimhse chun an cúigiú mír d'Airteagal 10a de Threoir 85/337 a thrasuí imithe in éag, an dlí náisiúnta a léiriú ar bhealach a fhágfaidh go mbeidh éifeachtaí na staideanna a tháinig chun cinn faoin seandlí ag luí láithreach leis an bhforáil sin. Dá bhrí sin, tá feidhm ag an oibleagáid an dlí náisiúnta a léirmhíniú i gcomhréir le riail na gcostas neamh-thoirmeascach san fhoráil sin maidir leis na cúirteanna sin nuair a chinneann siad leithdháileadh na gcostas in imeachtaí cúirte a bhí ar feitheamh ar dháta éaga na tréimhse trasuímh, gan beann ar an dáta a tabhaíodh na costais sin sna himeachtaí lena mbaineann.

Agus í ag cur in iúl go ndéantar imeachtaí na hÉireann maidir le costais in dhá chéim, cinneann an Chúirt, thairis sin, go bhfuil teorainneacha áirithe ag an bprionsabal nach mór an dlí náisiúnta a léiriú i gcomhréir le dlí an Aontais, lena n-áirítear na teorainneacha sin a eascraíonn as prionsabal res judicata. Sa chás seo, is faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé, dá bhrí sin, measúnú a dhéanamh ar fhórsa res judicata a ghabhann le cinneadh an 6 Bealtaine 2008 lenar ordaigh an Ard-Chúirt don iarratasóir costais na n-imeachtaí a íoc gan méid beacht na gcostas sin a shocrú, chun cinneadh a dhéanamh an féidir agus a mhéid is féidir léiriú a dhéanamh ar an dlí náisiúnta i gcomhréir le riail na gcostas neamh-thoirmeascach sna príomhimeachtaí.

# II. Measúnú ar an tionchar a bhíonn ag pleananna agus cláir faoi Threoir 2001/42

## 1. Raon feidhme Threoir 2001/42

### a) Pleananna agus cláir faoi Threoir 2001/42

***Breithiúnas an 25 Meitheamh 2020 (an Mór-Dhlísheomra) A agus páirtithe eile (Túirbíní gaoithe in Aalter agus in Nevele) (C-24/19, EU:C:2020:503)*** [26]

*(Tarchur chun réamhrialú – Treoir 2001/42/CE – Measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol – Cead pleanála baile chun tuirbíní gaoithe a shuiteáil agus a oibriú – Airteagal 2(a) – An coincheap "pleananna agus cláir" – Coinníollacha athbhreithnithe chun an cead a dheonú arna mbunú le hordú nó le ciorclán – Airteagal 3(2)(a) – Gníomhartha náisiúnta lena sainítear creat lena bhféadfar toiliú a fháil amach anseo maidir le cur chun feidhme tionscadal – Easpa measúnaithe ar an tionchar ar an gcomhshaol – Éifeachtaí ghníomhartha náisiúnta a chothabháil, agus cead arna dheonú ar bhonn na ngníomhartha sin, tar éis a dhearbhú nach gcomhlíonann na gníomhartha sin dlí an Aontais – Coinníollacha)*

Le breithiúnas A agus páirtithe eile (Túirbíní ghaoithe in Aalter agus Nevele), thug an Chúirt, ina suí di mar Mhór-Dhlísheomra, rialú maidir le léiriú Threoir 2001/42, inar tugadh mionsonraí tábhachtacha maidir leis na bearta atá faoi réir an mheasúnaithe a forodaíodh leis an Treoir sin.

Cuireadh an iarraidh sin ar léiriú faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais in imeachtaí idir daoine atá ina gcónaí ar shuíomh atá suite gar do mhótarbhealach E40 ar chríoch bhardais Aalter (an Bheilg) agus Nevele (an Bheilg), atá beartaithe chun feirm ghaoithe a óstáil, agus Gewestelijke stedenbouwkundige ambtenaar van het departement Ruimte Vlaanderen, afdeling Oost-Vlaanderen (Oifigeach Pleanála Réigiúnach Roinn Pleanála Spásúlachta Fhlóndras, Roinn Fhlóndras Thoir, an Bheilg), maidir leis an údarás sin cead pleanála a eisiúint ("an cúig thoiliú forbartha atá faoi cheist") chun cúig thuirbín gaoithe a shuiteáil agus a oibriú. Bhí deonú an toilithe atá i gceist, an 30 Samhain 2016, faoi réir, inter alia, coinníollacha áirithe a leagtar síos le forálacha ordú ón Rialtas Pléimeannach agus ciorclán maidir le suiteáil agus oibriú tuirbíní gaoithe a chomhlíonadh.

Mar thaca le caingean chun an toiliú atá i gceist a tugadh ós comhair Raad voor Vergunningsbetwistingen (an Chomhairle um Dhíospóidí maidir le Toiliú, an Bheilg) a neamhniú, mhaígh na hiarratasóirí, go háirithe, sárú ar Threoir 2001/42, ar an bhforas nach raibh an t-ordú agus an ciorclán, ar deonaíodh an toiliú ar a mbonn, faoi réir measúnaithe ar an tionchar ar an gcomhshaol. Mheas an t-oifigeach a dheonaigh an

[26] Déantar an breithiúnas sin a chur i láthair faoi cheannteideal II. 2. a) i. "Pleananna nó cláir a bhaineann leis an dara coinníoll dá bhforáiltear in Airteagal 3(2)(a) de Threoir 2001/42 2. 'Gníomhartha náisiúnta arna nglacadh de shárú ar Threoir 2001/42'.

toiliú atá i gceist, ar a mhalairt, nár ghá measúnú den chineál sin a dhéanamh ar an ordú agus ar an gciorclán atá i gceist.

Ina breithiúnas, mheabhraigh an Chúirt, i gcomhréir le hAirteagal 2(a) de Threoir 2001/42, go gcumhdaítear leis an Treoir sin pleananna agus cláir, chomh maith le leasuithe orthu, arna dtarraingt suas nó arna nglacadh ag údarás de chuid Ballstáit, ar choinníoll go gceanglaítear iad “le forálacha reachtaíochta, rialúcháin nó riaracháin”.

I ndáil leis sin, is léir ó chásdlí sochair na Cúirte Breithiúnais nach mór pleananna agus cláir a mheas mar “riachtanach”, de réir bhrí agus chur chun feidhme na Treorach sin, pleananna agus cláir a bhfuil a nglacadh á rialú ag forálacha reachtacha nó rialála náisiúnta, lena gcinntear na húdaráis inniúla lena nglacadh mar aon lena nós imeachta dréachtaithe. Dá bhrí sin, ní mór beart a mheas mar “riachtanach”, i gcás ina n-aimsítear bunús dlí na cumhachta chun an beart a ghlacadh i bhforáil den chineál sin, fiú mura bhfuil glacadh an bhirt sin éigeantach.

Nuair a d’iarr an chúirt a rinne an tarchur agus Rialtas na Ríochta Aontaithe uirthi athmhachnamh a dhéanamh ar an gcásdlí sin, cuireann an Chúirt i bhfios go láidir, ar an gcéad dul síos, dá ndéanfaí an coinníoll dá dtagraítear sa dara fleasc d’Airteagal 2(a) de Threoir 2001/42 a theorannú do “phleananna agus cláir” amháin, a bhfuil a nglacadh éigeantach, go mbeadh an baol ann go dtabharfaí raon feidhme imeallach don choincheap sin agus nach bhféadfaí éifeachtacht na forála sin a chaomhnú. De réir na Cúirte, ag tabhairt aird ar éagsúlacht na staideanna a thagann chun cinn agus do ilchineálacht chleachtais na n-údarás náisiúnta, is minic nach bhforchuirtear pleananna nó cláir agus modhnuithe orthu mar cheanglas ginearálta, ná nach bhfágtar go hiomlán faoi rogha na n-údarás inniúil iad. Thairis sin, tá an t-ardleibhéal cosanta comhshaoil a bhféachtar lena áirithiú le Treoir 2001/42 trí phleananna agus cláir, a bhfuil baol ann go mbeidh tionchair suntasacha acu ar an gcomhshaol, a chur faoi réir measúnaithe ar an tionchar ar an gcomhshaol, i gcomhréir le ceanglais na gConarthaí agus na Cairte um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh maidir le cosaint agus feabhsú cháilíocht an chomhshaoil [27]. Is dócha go gcuirfí na cuspóirí sin i mbaol trí léiriú sriantach, lena gceadófaí do Bhallstát an ceanglas sin maidir le measúnú comhshaoil a sheachaint trí staonadh ó fhoráil a dhéanamh go gceanglaítear ar údaráis inniúla pleananna agus cláir den sórt sin a ghlacadh. Ar deireadh, tugann an Chúirt le fios go bhfuil an léiriú leathan ar an gcoincheap ‘pleananna agus cláir’ comhsheasmhach le gealltanais idirnáisiúnta an Aontais Eorpaigh [28].

Scrúdaíonn an Chúirt ansin an gcomhlíonann an t-ordú agus an ciorclán atá i gceist an coinníoll a leagtar síos sa dara fleasc d’Airteagal 2(a) de Threoir 2001/42. I ndáil leis sin, tugann sí dá haire an t-ordú arna ghlacadh ag an rialtas Pléimeannach mar bhrainse feidhmiúcháin eintitis chónasctha de chuid na Beilge, de réir údarú reachtach. Ina

[27] Airteagal 3(3) CAE, Airteagal 191(2) CFAE agus Airteagal 37 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

[28] Mar shampla na cinn a eascraíonn as Airteagal 2(7) den Choinbhinsiún maidir le measúnacht tionchair timpeallachta i gcomhthéacs trasteorann, arna shíniú in Espoo (an Fhionlainn) an 26 Feabhra 1991.

theannta sin, tagann an ciorclán, a bhfuil sé mar aidhm aige creat a sholáthar do dhiscréid na n-údarás inniúil, ón rialtas Pléimeannach freisin agus lena leasaítear, trí shíneadh a chur leo nó maolú uathu, forálacha an ordaithe, faoi réir na bhfíoruithe is faoin gcúirt náisiúnta atá sé a dhéanamh, maidir lena chineál dlíthiúil beacht agus lena éifeacht dhlíthiúil bheacht. Dá bhrí sin, chinn an Chúirt go dtagann an tOrdú agus, faoi réir na seiceálacha sin, an Ciorclán faoin gcoincheap "pleananna agus cláir", sa mhéid is nach mór a mheas go bhfuil siad "riachtanach" de réir bhrí Threoir 2001/42.

***Breithiúnas an 22 Feabhra 2022 (an Mór-Dhlísheomra), Bund Naturschutz in Bayern (C-300/20, EU:C:2022:102*** [29]

*(Tarchur chun réamhrialú – Comhshaol – Treoir 2001/42/CE – Measúnú ar na héifeachtaí a bhíonn ag pleananna agus ag cláir áirithe ar an gcomhshaol – Airteagal 2(a) – Coincheap "pleananna agus ag cláir" – Airteagal 3(2)(a) – Gníomhartha arna dtarraingt suas le haghaidh earnálacha áirithe agus lena sainítear creat faoina bhféadfar cur chun feidhme na dtionscadal atá liostaithe in Iarscríbhinn I agus in Iarscríbhinn II de Threoir 2011/92/AE a údarú amach anseo – Airteagal 3(4) – Gníomhartha lena sainítear creat faoina bhféadfar cur chun feidhme na dtionscadal a údarú amach anseo – Rialachán um chosaint tírdhreacha arna ghlacadh ag údarás áitiúil)*

Ina breithiúnas sa chás Bund Naturschutz in Bayern, arna thabhairt ag an Mór-Dhlísheomra, déanann an Chúirt Bhreithiúnais soiléiriú ar an gcoincheap maidir le pleananna agus cláir nach mór a bheith faoi réir measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol faoi Threoir 2001/42.

In 2013, ghlac Landkreis Rosenheim (ceantar riaracháin tuaithe Rosenheim, an Ghearmáin) Rialachán maidir le limistéar cosanta tírdhreacha ("Rialachán Inntal Süd") , gan measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol a dhéanamh roimh ré faoi Rialachán 2001/42. Chuir Rialachán Inntal Süd limistéar thart ar 4,021 heicteár faoi chosaint, limistéar atá tuairim is 650 heicteár níos lú ná an limistéar a bhí faoi chosaint sna rialacháin roimhe seo.

Thug Bund Naturschutz in Bayern eV, comhlachas um chosaint an chomhshaoil, agóid i gcoinne an rialacháin seo os comhair Bayerischer Verwaltungsgerichtshof (Ard-Chúirt Riaracháin na Baváire, an Ghearmáin). Diúltaíodh don éileamh mar éileamh neamh-inghlactha, thaisc an comhlachas achomharc i gcoinne an chinnidh sin os comhair an Bundesverwaltungsgericht (An Chúirt Chónaidhme Riaracháin, an Ghearmáin).

Measann an chúirt sin gur plean nó clár de réir bhrí Threoir 2001/42 é Rialachán Inntal Süd. Mar sin féin, de bharr amhras na cúirte i dtaobh na hoibleagáide atá ar cheantar riaracháin tuaithe Rosenheim, faoin Treoir seo, measúnú comhshaoil a dhéanamh sula

[29] Déantar an breithiúnas sin a chur i láthair faoi cheannteideal II. 2. a) i. Pleananna agus cláir faoi Airteagal 3(2)(a) de Threoir 2001/42 agus II. 2. b) ii. Pleananna agus cláir faoi Airteagal 3(4) de Threoir 2001/42

nglacfar an rialachán sin, chinn an chúirt an cheist seo a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais le haghaidh réamhrialú.

Mar réamhphointe, meabhraíonn an Chúirt Bhreithiúnais go gcumhdaíonn Treoir 2001/42 pleananna agus cláir, ar an gcéad dul síos, arna ndréachtú nó arna nglacadh ag údarás ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil agus, ar an taobh eile, a éilítear le forálacha reachtaíochta, rialúcháin nó riaracháin.

Maidir leis an dara coinníoll, is léir ón gcásdlí socraithe nach mór a mheas mar "riachtanach", de réir bhrí agus chur chun feidhme na Treorach sin, pleananna agus cláir a bhfuil a nglacadh á rialú ag forálacha reachtacha nó rialála náisiúnta, lena gcinntear na húdaráis inniúla lena nglacadh mar aon lena nós imeachta dréachtaithe. Dá bhrí sin, ní mór a mheas go bhfuil beart "riachtanach" i gcás ina bhfuil bunús dlí sonrach sa dlí náisiúnta lena n-údaraítear do na húdaráis inniúla dul ar aghaidh lena ghlacadh, fiú mura bhfuil sé éigeantach go ndéanfaidh a leithéid de bheart a ghlacadh.

Mar sin, ós rud é gur ghlac údarás áitiúil Rialachán Inntal Süd ar bhonn forála de dhlí na Gearmáine, is plean nó clár é de réir bhrí Threoir 2001/42. Ina leith sin, tugann an Chúirt Bhreithiúnais dá haire nach gcuireann nádúr ginearálta an Rialacháin sin, ina bhfuil forálacha ginearálta agus teibí a leagann amach ceanglais ghinearálta, bac ar aicmiú den sórt sin. Go deimhin, más rud é go bhfuil leibhéal áirithe astarraingthe ag gníomh náisiúnta agus go saothraíonn sé cuspóir maidir le limistéar geografach a athrú, is léiriú é ar a ghné phleanála nó chláir agus ní choisceann sé é a áireamh sa choincheap "pleananna agus cláir".

### b) Pleananna agus cláir a aisghairm

***Breithiúnas an 22 Márta 2012, Inter-Environnement Bruxelles agus páirtithe eile (C-567/10, EU:C:2012:159)***

*(Treoir 2001/42/CE – Measúnú ar na tionchair a bhíonn ag pleananna agus ag cláir áirithe ar an gcomhshaol – An coincheap "pleananna agus cláir a cheanglaítear le forálacha reachtacha, rialúcháin nó riaracháin – Infheidhmeacht na Treorach sin maidir le aisghairm iomlán nó pháirteach plean úsáide talún)*

Ag éisteacht le tarchur chun réamhrialú ó Chúirt Bhunreachtúil na Beilge, deimhníonn an Chúirt go dtagann gníomhartha lena n-aisghairtear pleananna nó cláir de réir bhrí Threoir 2001/42, i bprionsabal, faoi raon feidhme na Treorach sin freisin.

Tar éis do Réigiún na Bruiséile ordú a ghlacadh lenar leasaíodh Cód na Bruiséile maidir le Pleanáil Spásúlachta, thug roinnt comhlachas neamhbhrabúsach caingean ós comhair Chúirt Bhunreachtúil na Beilge chun forálacha áirithe den ordú sin a neamhniú. Mar thaca lena gcaingean, cháin na comhlachais sin, inter alia, nach gceanglaítear leis na forálacha leasaitheacha atá faoi chonspóid, chun pleananna sonracha úsáide talún a

aisghairm agus chun pleananna bainistíochta sócmhainní a ghlacadh, measúnú comhshaoil i gcomhréir le Treoir 2001/42.

Sa chomhthéacs sin, d'iarr Cour constitutionnelle (an Chúirt Bhunreachtúil), inter alia, an gá aisghairm iomlán nó pháirteach plean nó cláir a chumhdaítear le Treoir 2001/42 a bheith faoi réir measúnaithe ar an tionchar ar an gcomhshaol faoin Treoir sin.

I ndáil leis sin, tugann an Chúirt le fios, cé nach ndéantar tagairt go sainráite in Airteagal 2(a) de Threoir 2001/42 do ghníomhartha aisghairme, ach do ghníomhartha lena leasaítear pleananna agus cláir amháin, is amhlaidh fós, i bhfianaise chuspóir Threoir 2001/42, nach mór léiriú leathan a dhéanamh ar na forálacha lena sainítear raon feidhme na Treorach sin. Chomh maith leis sin, ós rud é gur gá leasú a dhéanamh ar an gcreat tagartha dlí a bheith i gceist le beart aisghairme agus, dá bhrí sin, go n-athraíonn sé na tionchair arna ndéanamh ar an gcomhshaol a ndearnadh measúnú orthu, i gcás inarb iomchuí, i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos le Treoir 2001/42, d'fhéadfadh tionchair suntasacha a bheith aige ar an gcomhshaol.

Dá bhrí sin, measann an Chúirt, i bhfianaise shaintréithe agus éifeachtaí na ngníomhartha lena ndéantar pleananna nó cláir a aisghairm de réir bhrí Threoir 2001/42, go mbeadh sé contrártha do na cuspóirí atá á saothrú ag reachtóir an Aontais agus go bhféadfadh sé an bonn a bhaint, i bpáirt, d'éifeachtacht na Treorach sin, maidir leis na gníomhartha sin a eisiamh ó raon feidhme na Treorach sin.

Ós a choinne sin, i bprionsabal, ní hamhlaidh atá má thagann an beart aisghairthe laistigh d'ordlathas beart pleanála baile agus tíre, fad a leagtar síos leis na bearta sin rialacha atá beacht go leor lena rialaítear úsáid talún, go raibh siad féin faoi réir measúnaithe ar a dtionchair ar an gcomhshaol agus go bhféadfaí a mheas go réasúnta gur cuireadh na leasanna a bhfuil Treoir 2001/42 ceaptha chun cosaint a thabhairt dóibh san áireamh go leordhóthanach laistigh den chreat sin.

## 2. Oibleagáid measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí i gcás tionchair suntasacha don chomhshaol

### a) Pleananna agus cláir a bhfuil baol ann go mbeidh tionchair suntasacha acu ar an gcomhshaol

#### i. Pleananna agus cláir a bhaineann le hAirteagal 3(2)(a) de Threoir 2001/42

***Breithiúnas an 2 Feabhra 2022 (an Mór-Dhlísheomra), Bund Naturschutz in Bayern (C-300/20,* EU:C:2022:102**

*(Tarchur chun réamhrialú – Comhshaol – Treoir 2001/42/CE – Measúnú ar na héifeachtaí a bhíonn ag pleananna agus ag cláir áirithe ar an gcomhshaol – Airteagal 2(a) – Coincheap*

*"pleananna agus ag cláir" – Airteagal 3(2)(a) – Gníomhartha arna dtarraingt suas le haghaidh earnálacha áirithe agus lena sainítear creat faoina bhféadfar cur chun feidhme na dtionscadal atá liostaithe in Iarscríbhinn I agus in Iarscríbhinn II de Threoir 2011/92/AE a údarú amach anseo – Airteagal 3(4) – Gníomhartha lena sainítear creat faoina bhféadfar cur chun feidhme na dtionscadal a údarú amach anseo – Rialachán um chosaint tírdhreacha arna ghlacadh ag údarás áitiúil)*

Sa bhreithiúnas sin, a bhfuil a chomhthéacs fíorasach leagtha amach thuas [30], scrúdaíonn an Chúirt Bhreithiúnais an bhfuil beart náisiúnta amhail Rialachán Inntal Süd, a bhfuil sé d'aidhm aige an dúlra agus an tírdhreach a chosaint agus chuige sin, lena leagtar síos toirmisc ghinearálta agus ceanglais údaraithe, faoi raon feidhme Airteagal 3(2)(a) de Threoir 2001/42.

De réir na forála sin, ní mór measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol a dhéanamh ar gach plean agus clár a chomhlíonann dhá choinníoll charnacha.

Ar an gcéad dul síos, ní mór do na pleananna nó na cláir "a bheith bainteach le" nó "deileáil le" ceann de na hearnálacha a liostaítear san Airteagal sin [31]. Sa chás sin, is cosúil go sásaítear an chéad choinníoll seo de réir na Cúirte Breithiúnais, agus is faoin gcúirt a rinne an tarchur, áfach, atá sé é sin a fhíorú.

I dtaca leis sin, soiléiríonn an Chúirt Bhreithiúnais, cé gur príomhchuspóir plean nó cláir é cosaint an chomhshaoil, lena n-áirítear cosaint an tírdhreacha, nach bhfhágann sé sin as an áireamh go bhféadfadh sé "a bheith bainteach" nó "déileáil le" ceann de na hearnálacha a liostaítear in Airteagal 3(2)(a) de Threoir 2001/42. Go deimhin, is é bunbhrí na mbeart a bhfuil raon feidhme ginearálta arna ndréachtú d'fhonn an comhshaol a chosaint go sonrach gníomhaíochtaí daonna a bhfuil éifeachtaí suntasacha acu ar an gcomhshaol a rialáil, eadhon iad siúd a thagann faoi na hearnálacha dá dtagraítear.

Ar an dara dul síos, ní mór do na pleananna nó na cláir creat a shainiú faoina bhféadfar cur chun feidhme na dtionscadal atá liostaithe in Iarscríbhinn I agus in Iarscríbhinn II de Threoir 2011/92 a údarú amach anseo.

Tá an ceanglas seo comhlíonta nuair a bhunaítear le plean nó le clár sraith shuntasach critéar agus nósanna imeachta chun ceann amháin nó níos mó de na tionscadail atá liostaithe in Iarscríbhinní I agus II de Threoir 2011/92, go háirithe maidir le suíomh, cineál, méid agus coinníollacha oibriúcháin de chuid tionscadal den sórt sin, nó leithdháileadh acmhainní a bhaineann leis na tionscadail sin a údarú agus a chur chun feidhme. Ar an lámh eile, ní dhéanann plean nó clár, amhail Rialachán Inntal Süd, ach cuspóirí cosanta tírdhreacha a shainiú i dtéarmaí ginearálta agus gníomhaíochtaí nó tionscadail sa limistéar cosanta a chur faoi réir oibleagáide údarúcháin, gan critéir ná

[30] Maidir le comhthéacs fíorasach agus dlíthiúil na n-imeachtaí, féach fo-cheannteideal II. 1 a) 'Pleananna agus cláir faoi Threoir 2001/42.' Déantar an breithiúnas a chur i láthair faoi cheannteideal II. 2. b) ii. 'Pleananna agus cláir faoi Airteagal 3(4) de Threoir 2001/42'

[31] Is iad sin talmhaíocht, foraoiseacht, iascaireacht, fuinneamh, tionscal, iompar, bainistíocht dramhaíola, bainistíocht uisce, teileachumarsáid, turasóireacht, pleanáil uirbeach agus tuaithe nó úsáid talún.

nósanna imeachta chun na tionscadail sin a údarú agus a chur chun feidhme a leagan amach, cé gur dócha go n-imreoidh glacadh an rialacháin tionchar áirithe ar shuíomh na dtionscadal.

I bhfianaise na bpointí sin, baineann an Chúirt Bhreithiúnais de thátal as nach plean nó clár é Rialachán Inntal Süd nach mór a bheith faoi réir measúnú comhshaoil faoi Airteagal 3(2)(a) de Threoir 2001/42, sa mhéid is nach ndéantar aon fhoráil maidir le rialacha atá mionsonraithe go leor a sholáthar maidir le hinneachar, mionsaothrú agus cur chun feidhme na dtionscadal a luaitear in Iarscríbhinn I agus II de Threoir 2011/92, agus is faoin gcúirt a rinne an tarchur, áfach, atá sé é sin a fhíorú.

***Breithiúnas an 25 Meitheamh 2020 (an Mór-Dhlísheomra) A agus páirtithe eile (Túirbíní gaoithe in Aalter agus in Nevele) (C-24/19,* EU:C:2020:503*)***

*(Tarchur chun réamhrialú – Treoir 2001/42/CE – Measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol – Cead pleanála baile chun tuirbíní gaoithe a shuiteáil agus a oibriú – Airteagal 2(a) – An coincheap "pleananna agus cláir" – Coinníollacha athbhreithnithe chun an cead a dheonú arna mbunú le hordú nó le ciorclán – Airteagal 3(2)(a) – Gníomhartha náisiúnta lena sainítear creat lena bhféadfar toiliú a fháil amach anseo maidir le cur chun feidhme tionscadal – Easpa measúnaithe ar an tionchar ar an gcomhshaol – Éifeachtaí ghníomhartha náisiúnta a chothabháil, agus cead arna dheonú ar bhonn na ngníomhartha sin, tar éis a dhearbhú nach gcomhlíonann na gníomhartha sin dlí an Aontais – Coinníollacha)*

Ina breithiúnas sa chás A agus páirtithe eile (Túirbíní gaoithe in Aalter agus in Nevele), a bhfuil a chomhthéacs fíorasach leagtha amach thuas [32], dheimhnigh an Chúirt gur pleananna agus cláir iad ordú agus ciorclán amhail na cinn atá i gceist sa chás sin, ina bhfuil forálacha éagsúla maidir le tuirbíní gaoithe a shuiteáil agus a oibriú, lena n-áirítear bearta maidir le caochaíl scáileanna, slándáil agus rialacháin um thorann comhshaoil, agus nach mór go gcuirfí iad faoi réir measúnaithe ar an tionchar ar an gcomhshaol de bhun Airteagal 3(2)(a) de Threoir 2001/42.

I ndáil leis sin, measann an Chúirt go bhfuil tábhacht agus raon feidhme sách suntasach ag baint leis na ceanglais a leagtar síos leis an bhforaithne agus leis an gciorclán atá i gceist maidir le tuirbíní gaoithe a shuiteáil agus a oibriú chun na coinníollacha a chinneadh a bhfuil deonú ceada chun feirmeacha gaoithe a bhunú agus a oibriú faoina réir, nach féidir a dtionchair ar an gcomhshaol a shéanadh. Soiléirítear ann nach féidir amhras a chaitheamh ar léiriú den sórt sin mar gheall ar shaincharactar dlíthiúil an chiorcláin.

---

[32] Maidir le comhthéacs fíorasach agus dlíthiúil na n-imeachtaí, féach ceannteideal II. 1. A) 'Pleananna agus cláir faoi Threoir 2001/42.' Déantar an breithiúnas sin a chur i láthair faoi cheannteideal III. 2. 'Gníomhartha náisiúnta arna nglacadh de shárú ar Threoir 2001/42'.

## ii. Pleananna agus cláir faoi Airteagal 3(2)(b) de Threoir 2001/42.

***Breithiúnas an 12 Meitheamh 2019 CFE (C-43/18, EU:C:2019:483)***

*(Tarchur chun réamhrialú – Comhshaol – Treoir 2001/42/CE – Measúnú ar an tionchar a bhíonn ag pleananna agus cláir áirithe ar an gcomhshaol – Ordú – Limistéar caomhnaithe speisialta a ainmniú i gcomhréir le Treoir 92/43/CEE – Spriocanna caomhnaithe agus bearta coisctheacha áirithe a leagan síos – An coincheap "pleananna agus cláir" – Oibleagáid measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol a dhéanamh)*

Ag éisteacht le tarchur chun réamhrialú ó Conseil d'État na Beilge, déanann an Chúirt léiriú ar Airteagal 3(2) (b) de Threoir 2001/42, lena gceanglaítear measúnú comhshaoil faoin Treoir sin aon uair a cheanglaítear measúnú a dhéanamh faoi Airteagail 6 agus 7 de Threoir 92/43.

Sna príomhimeachtaí, d'iarr Compagnie d'entreprises CFE SA ("CFE") go gcuirfí ar neamhní ordú ó Rialtas Réigiún Caipitil na Bruiséile lena n-ainmnítear an "complexe Forêt de Soignes – Vallée de la Woluwe" mar limistéar caomhantais speisialta de réir bhrí Threoir 92/43. Mar thaca leis an gcaingean sin, chuir CFE i gcoinne an chinnidh ó Rialtas Réigiún Caipitil na Bruiséile gan an t-ordú a chur faoi réir mheasúnaithe ar an tionchar ar an gcomhshaol, ar an bhforas nach raibh gá le measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol faoi Airteagal 6(3) de Threoir 92/43.

Nuair a d'iarr an chúirt a rinne an tarchur uirthi ina leith sin, meabhraíonn an Chúirt, faoi Airteagal 6(3) de Threoir 92/43, nach mór nach mbeadh ach pleananna nó tionscadail nach bhfuil baint dhíreach acu le bainistiú suímh nó nach bhfuil gá leo ach amháin faoi réir mheasúnaithe iomchuí ar thionchair de bhun na Treorach sin. Tá ordú amhail an t-ordú atá i gceist sna príomhimeachtaí, trína n-ainmníonn Ballstát suíomh mar limistéar caomhantais speisialta, nasctha go díreach nó riachtanach, de réir cineáil, le bainistiú an limistéir atá i gceist.

